

Topaic-
Shonrach

Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta

Do Sholáthraithe Cláir Chumaisc agus
Cláir atá go hIomlán ar Líne



Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and
Qualifications Ireland

CLAR

Gluais Príomhthéarmaí.....	3
Roinn 1: Buneolas agus Comhthéacs.....	5
1 Réamhrá.....	5
1.1 Cén fáth a bhfuil gá againn leis na treoirlínte seo?.....	5
1.2 Cad is foghlaim chumaisc agus foghlaim ar líne ann?	6
1.3 Cé dóibh na treoirlínte seo?.....	9
1.4 Cad é cuspóir, raon feidhme agus ábharthacht na dtreoirlínte seo?.....	10
2 An Comhthéacs	12
2.1 Cén t-athrú atá ag teacht ar thírdhreach an oideachais?	12
2.2 Cad iad na rudaí atá i bpáirt ag cláir foghlama cumaisc?	13
2.3 Cad iad na rudaí atá i bpáirt ag cláir foghlama atá go hiomlán ar líne?	14
2.4 Cén fáth treoirlínte in áit caighdeáin fhorordaithe?.....	15
Roinn 2: Na Treoirlínte	16
3 Leagan amach	16
3.1 Cén leagan amach atá ar na treoirlínte?	16
3.2 Cad iad na sainghnéithe cáilíochta a bhaineann le cláir atá go hiomlán ar líne?	18
4 Réimsí agus Gnásanna	19
4.1 An Comhthéacs Eagraíochtúil	21
- Straitéis, bainistíocht agus pleananna feidhmithe	21
- Beartais, rialacháin agus próisis riaracháin.....	22
- Airgeadas, bonneagar agus acmhainní.....	24
- Oiliúint Foirne, Forbairt Ghairmiúil agus Tacaíocht Institiúideach.....	26
- Socruithe Comhoibríocha Straitéiseacha agus Comhpháirtíochtaí.....	27
- Foghlaimoirí lasmuigh d'Éirinn	28
4.2 Comhthéacs an Chláir.....	29
- Torthaí cláir.....	30
- Próisis Cheadaithe agus Bailíochtaithe	32
- Foghlaim agus Dearadh Curaclaim	34
- Ábhair agus Acmhainní Foghlama	35
- Measúnú agus Cleachtais Aiseolais.....	37
- Meastóireachta agus Feabhsú Leanúnach	37

4.3 Comhthéacs Thaithí an Fhoghlaimeora	39
- Smaointe ar chúrsaí staidéir	41
- Tacaíocht agus Forbairt Foghlama	43
- Comhionannas Deiseanna.....	45
- Taithí Foghlama agus Torthaí.....	46
- Eispéireas an fhoghlaimeora agus na torthaí	47
Roinn 3: Cur Chun Feidhme.....	48
5 Na Treoirlínte a Chur chun Feidhme	48
5.1 Cén úsáid is féidir le soláthraithe a bhaint as na treoirlínte seo?	48
5.2 Conas a n-úsáidfeadh soláthraithe difriúla na treoirlínte?	48
5.3 Conas is féidir le soláthraithe fianaise ar a ndea-chleachtas a dhoiciméadú?.....	49
Aguisíní.....	50
Conas ar cuireadh na treoirlínte i dtoll a chéile?.....	50
Conas a dtuairisceodh soláthraithe difriúla ar na treoirlínte?.....	52
Teimpléad Samplach Féinmheastóireacht.....	53

GLUAIS NA BPRÍOMHTHÉARMAÍ

Intleacht Shaorga	Níl aon sainmhíniú simplí ann ach ciallaíonn sé de ghnáth córais meaisínbhunaithe ar féidir leo ábhar a ghiniúint, rudaí a thuar, moltaí nó cinntí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar thimpeallachtaí fóra nó fóirúla.
Foghlaim Aisioncronach ar Líne	Foghlaiméoirí a úsáideann ábhair ar líne ar a luas féin agus a idir-ghníomhaíonn lena múinteoir agus lena bpiaraí ag amanna a oireann do na gealltanais eile atá le comhlíonadh acu.
Réaltacht Mhéadaithe	Dearcadh feabhsaithe ar an bhfórshaol fisiceach a bhaintear amach trí úsáid a bhaint as eilimintí amhairc digiteacha, fuaim, nó spreagthaí céadfacha eile agus a sheachadtar tríd an teicneolaíocht.
Foghlaim Chumaisc	Cineál oideachais ina dtarlaíonn teagasc, foghlaim agus measúnú trí mheascán d'fhoghlaim ar líne agus ar an láthair. Reáchtáiltear na comhpháirteanna ar líne go sioncronach, go haisioncronach nó le chéile.
Oideachas Digiteach	Brat-téarma ginearálta faoína gcuimsítear úsáid na teicneolaíochta chun teagasc, foghlaim agus measúnú a fheabhsú agus a n-áirítear leis foghlaim chumaisc agus foghlaim ar líne.
Próiseáil Leictreonach	Córas bainistithe trína gcumasaítear d'fhoghlaiméoirí trialacha agus scrúduithe ar líne a dhéanamh ar a ríomhaire féin nó ar cheann a chuirtear ar fáil dóibh ar bhrabhsálaí slán agus ar cheamara gréasáin ina ndéantar monatóireacht agus taifeadadh ar a n-iompraíocht.
Punann Leictreonach	Cnuasach oibre (fianaise) stóráilte i bhformáid leictreonach chun an fhoghlaim a léiriú agus a thaispeáint le himeacht ama.
Foghlaim atá go hIomlán ar Líne	Cineál oideachais ina dtarlaíonn an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú ar líne, go sioncronach, go haisioncronach, nó i gcomhar, gan aon teagasc ar an láthair a bheith de dhíth.
Córas Bainistíochta Foghlama (LMS)	An t-ardán nó an bonneagar lárnach a úsáideann soláthraithe chun tacú le heispéiris foghlama ar líne (m.sh., Blackboard, Canvas, Moodle, etc.)
Acmhainní Foghlama	Áirítear leis ábhair chlóite agus digiteacha araon agus d'fhéadfadh téacs, fuaim, físeán, beochan, ionsamhlúcháin agus cineálacha eile d'ábhar meán saibhir atá deartha le haghaidh foghlama a bheith san áireamh ann.
Acmhainní Oscailte Oideachais	Ábhair dhigiteacha i bhformáid nó meán ar bith atá ar fáil sa réimse poiblí nó atá faoi chóipcheart agus a eisíodh faoi cheadúnas oscailte, a cheadaíonn rochtain gan chostas, athúsáid, athchóiriú, oiriúnú agus athdháileadh.

Córas Faisnéise na Mac Léinn	Ardán a chuireann ar chumas soláthraithe oideachais faisnéis foghlaimeora a dhigitiú agus a bhainistiú dá réir agus dul chun cinn a rianú agus a thairfeadh ar bhealach níos éifeachtaí. Is gnách dó a bheith idir-inoibritheach le córais eile.
Foghlaim Shioncronach ar Líne	Múinteoirí agus foghlaimeoirí a chruinníonn ag an am céanna san áit fhíorúil chéanna agus a idirghníomhíonn lena chéile 'san fhíor-am'.
Ardán Físchomhdhála	Uirlis a éascaíonn cumarsáid ar líne le haghaidh cruinnithe sioncronacha físe agus fuaimne agus ranganna beo ar líne (m.sh., Teams, Zoom, etc.).
Timpeallacht Foghlama Fhíorúil	Téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an éiceachóras foghlama digiteach ginearálta d'uirlisí agus d'ardáin a úsáidtear don fhoghlaim agus a thacaíonn leis an LMS.
Réaltacht Fhíorúil	Eispéireas ionsamhlaithe chun mothú de bheith tumtha isteach i ndomhan fíorúil a thabhairt don fhoghlaimeoir

ROINN 1: BUNEOLAS AGUS COMHTHÉACS

1 RÉAMHRÁ

Leagtar amach sa doiciméad seo amach na treoirlínte um dhearbhú cáilíochta (DC) arna mbunú ag Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) do gach soláthraí a chuireann cláir oideachais agus oiliúna chumaisc nó cláir atá go hiomlán ar líne ar fáil. Is treoirlínte “reachtúla” iad na treoirlínte seo: Ní mór do QQI treoirlínte DC a fhoilsiú faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (Acht 2012 sa doiciméad seo). Anuas air sin, ceanglaíonn Acht 2012 ar sholáthraithe “féachaint do” threoirlínte QQI um DC agus a gnásanna DC féin á mbunú acu. Aithníonn Beartas QQI ar Threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta go mbeidh feidhm éagsúil ag na treoirlínte seo i gcás soláthraithe éagsúla ag brath ar a raon feidhme gníomhaíochta agus ar a stádas faoi Acht 2012.

Déanann na treoirlínte seo nuashonrú agus ionadú ar na cinn a foilsíodh den chéad uair in 2018 do chlár foghlama chumaisc agus forlínann siad [Croí-Threoirlínte Reachtúla DC de chuid QQI](#) a foilsíodh den chéad uair in Aibreán 2016. Cé go soláthraíonn na Croí-Threoirlínte an treoir ghinearálta DC a theastaíonn, dírtar sna treoirlínte sa doiciméad seo ar na freagrachtaí sonracha atá ar sholáthraí maidir le DC na gclár a dtacaítear leo le modhanna staidéir agus foghlama chumaisc agus modhanna atá go hiomlán ar líne.

Tá sé mar aidhm, i gcás an ábhair atá i bpáirt ag na treoirlínte agus ag Croí-Threoirlínte DC Reachtúla QQI, atreisiú a dhéanamh ar an bpríomhphrionsabal gurb é an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú ar ardchaighdeán, mar aon le dearadh cláir atá fóna ó thaobh na hoideolaíochta de mar aon le riarachán cuí, is bonn do gach mód seachadta cláir, cláir chumaisc agus cláir atá go hiomlán ar líne ina measc.

Ba cheart na treoirlínte seo a léamh in éineacht le beartas QQI ar Threoirlínte DC. i.e. ba cheart do sholáthraithe clár foghlama cumaisc agus clár foghlama atá go hiomlán ar líne, mar a shainmhínítear iad sna treoirlínte seo, féachaint, leis, do threoirlínte DC earnáil-shonracha agus topaic-shonracha QQI de réir mar is cuí.

Mar threoirlínte DC topaic-shonracha is forlínadh agus breis iad ar chroí-threoirlínte DC QQI. Is é a n-aidhm tacú le soláthraithe chun cáilíocht a dhearbhú, gnásanna imheánacha DC a bhunú, agus tabhairt faoi athbheithnithe cáilíochta agus feabhsuithe leanúnacha.

1.1 CÉN FÁTH A BHFUIL GÁ AGAINN LEIS AN TREOIRLÍNTE SEO?

Is dúshlán i gcónaí é do chineálacha cuir chuige traidisiúnta i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe fás na foghlama cumaisc agus na foghlama atá go hiomlán ar líne. Cuireann teicneolaíochtaí digiteacha nua níos mó roghanna ar fáil do sholáthraithe agus do mhúinteoirí

araon maidir leis an gcaoi a ndearfaidh siad an curaclam, a n-idirghníomhóidh siad le mic léinn, a gcuirfidh siad ábhair foghlama i dtoll a chéile, agus ina dtacófar le foghlaimeoirí. Leathnaíonn Intleacht Shaorga (AI) cuid de na féidearthachtaí sin ach tugtar isteach rioscaí agus dúshlán nua, leis. Ar an gcaoi chéanna, tá foghlaimeoirí ag súil le níos mó solúbthachta maidir leis an mbealach a théann siad i mbun staidéir. Tá treocht ag teacht chun cinn ar fud an domhain níos mó foghlaimeoirí páirtaimseartha ar feadh a saoil a bheith ann mar fhreagra ar nádúr na hoibre atá ag athrú i gcónaí agus an gá atá le forás gairmiúil leanúnach (Fóram Eacnamaíoch an Domhain, 2022)¹.

Is fiú go mór foghlaim chumaisc agus foghlaim atá go hiomlán ar líne nuair is eispéireas feabhsaithe don fhoghlaimeoir a leanann as agus nuair a chuirtear folláine agus uilechuimsitheacht foghlaimeoirí chun cinn. Ba chóir go gcomhlánódh na modhanna seachadta seo ról lárnach an mhúinteora, ionas go gcoinnítear gné shóisialta agus daonna an oideachais. Níor cheart go mbeadh foghlaim chumaisc ná foghlaim atá go hiomlán ar líne ina sprioc ann féin nó í a bheith spreagtha ag áisiúlacht, éifeachtúlacht nó coigilteas costais amháin. Má úsáidtear iad go héifeachtach, is féidir leis na teicneolaíochtaí ábhartha cur le cumas oideachasóirí teagasc ardchaighdeán freagrúil a sholáthar, rannpháirtíocht foghlaimeoirí a mhéadú agus deiseanna foghlama níos cuimsithí agus níos cothroime a chruthú. Ní dá ndeoin féin a thiocfaidh na tairbhí seo, ach mar thoradh ar infheistíocht shuntasach agus ceannaireacht oideolaíoch. Is é aidhm na dtreoirí seo eolas a chur ar fáil do sholáthraithe ábhartha agus d'fhorais cháiliúcháin ar spéis leo socruithe foghlama cumaisc agus socruithe atá go hiomlán ar líne a úsáid chun gur féidir leo gnásanna agus cleachtas a chur i dtoll a chéile chun cur le cáilíocht a gcuid clár. (UNESCO, 2023²; OECD, 2023³)

Dá réir sin, tá soláthraithe oideachais na hÉireann ag freagairt don éileamh atá ag dul i méid ar sholúbthacht trí chlár nua a dhearadh agus trí chlár atá ann cheana a athdhearadh chun leas a bhaint as cur chuige teagaisc cumaisc nó cur chuige atá go hiomlán ar líne. Cé go dtacaíonn clár sholúbtha den sórt sin le córas oideachais treasach níos aclaí agus go gcruthaíonn siad raon níos éagsúla de bhealaí foghlama ar feadh an tsaoil, ardaíonn fás na foghlama cumaisc agus na foghlama atá go hiomlán fadhbanna breise maidir le cáilíocht. Tá na treoirí seo curtha i dtoll a chéile chun cabhrú le soláthraithe a aithint cad is gá dóibh a chur san áireamh agus conas ba chóir dóibh freagairt don timpeallacht foghlama digiteach atá ag athrú go tapa. Réasúnaíocht lárnach do na treoirí is ea an gá atá le heispéireas d'ardchaighdeán a chinntiú d'fhoghlaimeoirí agus soláthraithe Éireannacha ag féachaint le leas a bhaint as acmhainneacht na múnláí foghlama nua cumaisc agus na múnláí atá go hiomlán ar líne.

1.2 CAD IS FOGHLAIM CHUMAISIC AGUS FOGHLAIM AR LÍNE ANN?

Cé gur cur chuige teagaisc seanbhunaithe é, is rud casta é an fhoghlaim chumaisc agus an fhoghlaim atá go hiomlán ar líne a shainmhíniú. Níl aon sainmhíniú comhaontaithe ar na téarmaí seo ar fáil sa litríocht (Brown et al., 2022)⁴. Go deimhin, aithníodh in athbhreithniú bunúsach ar an litríocht 46 sainmhíniú ar an bhfoghlaim ar líne amháin (Singh & Thurman, 2019)⁵. Chomh maith

1 World Economic Forum (2022). Taispeántar sna 3 chairt seo an fás ar fhoghlaim ar líne. <https://www.weforum.org/agenda/2022/01/online-learning-courses-reskill-skills-gap/>

2 UNESCO (2023) Global education monitoring report, 2023: technology in education: a tool on whose terms? - UNESCO Digital Library

3 OECD (2023), Shaping Digital Education: Enabling Factors for Quality, Equity and Efficiency, OECD Publishing, Paris, <https://doi.org/10.1787/bac4dc9f-en>.

4 Brown, M., Costello, E., & Donlon, E. (2022). Digital education as social practice: Major trends shaping online learning futures. *Rivista di Digital Politics*, 3, pp. 455-484, DOI: 10.53227/10380

leis an dúshlán sainmhínte, is minic a labhraítear faoin bhfoghlaim ar líne i gcomhthéacs go leor téarmaí forluiteacha, mar ríomhfhoghlaim, foghlaim chumaisc, foghlaim dhigiteach, cianfhoghlaim, foghlaim iompaithé, agus foghlaim hibrideach, chun roinnt a lua. Mar a thugann Irvine (2020, Ich. 42)⁶ faoi deara, ‘Tá an rud a bhíodh ina dhénárthach simplí de dhuine le duine nó ar líne tar éis éirí chomh casta sin anois go bhfuil lagú tar éis teacht ar ár gcumas tuiscint a fháil ar a chéile’. Dúshlán gaolmhar is ea go mbíonn sainmhínte feidhmiúla den fhoghlaim chumaisc agus den fhoghlaim ar líne ag athrú de shíor de bharr síorathruithe ar thírdhreach na teicneolaíochta.

Cé go ndearna mórghníomhaireachtaí Eorpacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta iarracht an tírdhreach seo a shainiú, fágann a n-iarrachtaí bearnaí, cuireann siad leis an ainmniócht mhearbhlach, agus leis an easpa comhthoilithe. Sa chomhthéacs Eorpach, mar shampla, ní thugtar sa *Phlean Gníomhaíochta um Oideachas Digiteach (2020-2027)* (An Coimisiún Eorpach, 2020)⁷ aon sainmhíniú ar phríomhthéarmaí. Deirtear sa *Chreat don Foghlaim Chumaisc* a d’fhorbair an Coimisiún Eorpach (2021, Ich. 4)⁸ ina dhiaidh sin: “Tarlaíonn foghlaim chumaisc nuair a ghlacann oideachasóir nó foghlaiméoir níos mó ná cur chuige amháin i leith na foghlama”. Is féidir an sainmhíniú ginearálta seo a chur i gcodarsnacht leis an tacsanomaíocht atá molta ag an Eagraíocht le haghaidh na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), áit a ndéantar idirdhealú tábhachtach idir modhanna staidéir chumaisc, hibrideacha agus staidéir ar líne (Staring et al., 2022)⁹. Ciallaíonn an chéad cheann teagasc a dhéantar go hiomlán duine le duine, ach ciallaíonn foghlaim hibrideach meascán de theagasc ar líne agus ar an láthair. Cé go n-aithnítear san idirdhealú níos caolchúisí seo coincheap na hibrideachta agus go dtógann sé ar fhorbairtí comhaimseartha sa réimse, amhail teacht chun cinn samhlacha ardsolúbthachta oideachais (Howell, 2022)¹⁰, ní dhéantar idirdhealú sa sainmhíniú idir foghlaim chumaisc agus foirmeacha teagasc níos traidisiúnta.

Déanann na treoirí seo a slí tríd an talamh mearbhlach seo trí chur chuige “buicéad mór” a ghlacadh i leith le sainmhínte a mhol Johnston et al. (2022)¹¹. Aithnítear sa chur chuige seo castacht na modhanna staidéir ach déantar iarracht sainmhínte a choinneáil chomh simplí agus is féidir. Tá sé i gceist cogaí níos casta faoi shainmhínte a sheachaint mar go bhfuil siad neamhtháirgiúil den chuid is mó, go háirithe nuair a thugann an litríocht le fios gur gá do sholáthróirí a sainmhínte féin, atá oiriúnach dá bhfeidhmeanna, a chur i dtoll a chéile, chun alíniú a chothú ar leibhéal na gníomhaíochta, leibhéal an chúrsa, leibhéal an chlár, agus ar an leibhéal institiúideach (McCarthy & Palmer, 2023)¹². Ag smaoineamh ar an bpointe sin, léirigh an próiseas comhairliúcháin an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir cleachtais atá ann cheana féin agus comhthuisicintí a nglactar leo go forleathan ar fud na hearnála agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt do shainmhínte níos sofaisticiúla agus creataí coincheapa atá molta sa litríocht.

5 Singh, V., & Thurman, A. (2019). How many ways can we define online learning? A systematic literature review of definitions of online learning (1988-2018). *American Journal of Distance Education*, 33(4), 289–306. DOI: 10.1080/08923647.2018.1417658

6 Irvine, V. (2020). The landscape of merging modalities. *EDUCAUSE Review*, 4, 40–48. <https://er.educause.edu/articles/2020/10/the-landscape-of-merging-modalities>

7 European Commission. (2020). *Digital Education Action Plan (2021-2027)*. Brussels, Belgium. <https://education.ec.europa.eu/focus-topics/digital-education/action-plan>

8 European Commission. (2021). *Blended learning framework*. Brussels, Belgium. https://www.schooleducationgateway.eu/downloads/files/news/framework_for_blended_learning.pdf

9 Staring, F., Brown, M., Bacsich, P., & Ifenthaler, D. (2022). Digital higher education: Emerging quality standards, practices and supports, OECD Education Working Papers, No. 281, OECD Publishing, Paris. <https://doi.org/10.1787/f622f257-en>.

10 Howell, E. (2022). HyFlex model of higher education: understanding the promise of flexibility. *The International Journal of Learning Futures*, 30(4), 173–181. DOI 10.1108/OTH-04-2022-0019

11 Johnson, N., Seaman, J., & Poulin, R. (2022). Defining different modes of learning: Resolving confusion and contention through consensus. *Online Learning Journal*, 26(3), 91–110. <https://doi.org/10.24059/olj.v26i3.3565>

12 McCarthy, S., & Palmer, E. (2023). Defining an effective approach to blended learning in higher education: A systematic review. *Australasian Journal of Educational Technology*, 39(2), 98–114. <https://doi.org/10.14742/ajet.8489>

Dá bhrí sin, tógann na treoirlínte athbhreithnithe ar an sainmhíniú a glacadh go forleathan roimhe seo ar fhoghlaim chumaisc, a tógadh ó Garrison agus Kanuka (2004)¹³, áit a gciallaíonn an coincheap seo, sa chiall is simplí, cumasc den fhoghlaim ar líne agus den fhoghlaim duine le duine. Is éard atá i gceist le cumasc den sórt sin comhpháirteanna ar líne den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú a dhéantar go sioncronach, go neamhshioncronach nó i gcomhar. Ní shonraítear aon chóimheas cumaisc nuair a thugtar raon de dhearaí foghlama féideartha. Is féidir codarsnacht a dhéanamh idir an “buicéad mór” seo, mar a thugtar air, nach ndéanann aon idirdhealú idir foirmeacha foghlama cumaisc agus hibrideacha, agus dhá bhuicéad mhóra eile-is iad sin: i) teagasc agus foghlaim thraidisiúnta duine le duine ar an láthair¹⁴; agus ii) foghlaim atá go hiomlán ar líne nuair is gnách go mbíonn foghlaimeoirí i bhfad ón múinteoir gan aon cheanglas a bheith ar an láthair nó ar an gcampas. Agus na modhanna ginearálta staidéir seo á gcur i bhfeidhm, tá feidhm ag na sainmhínthe seo a leanas maidir leis na treoirlínte seo.

Príomh-shainmhínthe

- Cineál oideachais ina dtarlaíonn teagasc, foghlaim agus measúnú trí mheascán d’fhoghlaim ar líne agus ar an láthair is ea an fhoghlaim chumaisc. Reáchtáiltear na comhpháirteanna ar líne go sioncronach, go haisioncronach nó i gcomhar.
- Tagraíonn Foghlaim atá go hiomlán ar Líne do chineál cláir ina ndéantar an teagasc go hiomlán ar líne, go sioncronach nó go haisioncronach, nó i gcomhar. Is é an rud is tábhachtaí ná gur féidir le foghlaimeoirí a gclár staidéir a chríochnú ó i bhfad i gcéin gan aon riachtanais duine le duine nó teacht chuig an láthair.

Cé nach féidir gach clár a thuairisciú go néata leis na sainmhínthe seo, toisc gur féidir le foghlaimeoirí staidéar a dhéanamh as líne i bhfad i gcéin gan aon teicneolaíocht dhigiteach, agus go múintear roinnt clár trí níos mó ná modh staidéir amháin, tá idirdhealú tábhachtach le feiceáil sna treoirlínte. Aithnítear san idirdhealú seo go n-áirítear i ngach clár foghlama chumaisc comhpháirt fhisiciúil duine le duine ar an láthair. I gcodarsnacht leis sin, is féidir cláir foghlama ar líne a chomhlánú go hiomlán ar líne agus ó i bhfad i gcéin, lena n-áirítear i gcásanna áirithe ó lasmuigh d’Éirinn. Glactar leis an téarma *go hiomlán* sa sainmhíniú ar fhoghlaim ar líne chun béim a chur ar an idirdhealú tábhachtach seo.

Príomh-bhonn tuisceana sna treoirlínte is ea go dtarraingítear anuas, i gcás cláir foghlama atá go hiomlán ar líne, lena n-áirítear iad siúd a sheachadtar 100% go sioncronach, ceisteanna áirithe maidir le cáilíocht de bhrí go mbíonn foghlaimeoirí scartha go fhisiciúil óna múinteoir(i) agus a gcomhfhoghlaim. Cé go bhféadfadh an rogha a bheith ag foghlaimeoirí atá ag déanamh staidéir go hiomlán ar líne casadh dá ndeoin féin le piaraí nó múinteoirí ar an láthair, nó úsáid a bhaint as áiseanna ar an láthair, ní bhíonn gá leis seo de ghnáth chun a gclár staidéir a chríochnú. Dá réir sin, tá roinnt míreanna breise sna treoirlínte ina gcaithfidh soláthraithe clár foghlama atá go hiomlán ar líne díriú ar shaincheisteanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar cháilíocht an tsoláthair.

¹³ Garrison, D.R. & Kanuka, H. (2004). Blended learning: Uncovering its transformative potential in higher education. *Internet and Higher Education*, 7(2), 95-105, p. 96. <https://doi.org/10.1016/j.iheduc.2004.02.001>

¹⁴ Cé go n-úsáidtear an téarma ‘go pearsanta’ mar chabhair leis na difríochtaí idir modhanna staidéir a mhéadú, ní mór a admháil gur féidir le foghlaimeoirí a bhrath gur eispéireas an-phearsanta é an fhoghlaim ar líne.

1.3 CÉ DÓIBH NA TREOIRLÍNTE SEO?

Ceapadh na treoirlínte seo do gach cineál soláthraí a thairgeann cláir foghlama chumaisc agus cláir atá go hiomlán ar líne as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Tá siad á gcur ar fáil le go dtabharfaidh soláthraithe aird orthu agus le go n-úsáidfídh siad iad chun gnásanna DC a bhunú faoi Acht 2012, arna leasú in 2019. Léiríonn cur i bhfeidhm agus úsáid shonrach na dtreoirlínte seo uathriail reachtúil na soláthraithe agus na bhforas cáiliúcháin maidir le forbairt agus ceadú a ngnásanna DC inmheánacha, agus tá éagsúlacht iontu dá réir:

- Ní mór d'fhorais cháiliúcháin ainmnithe aird a thabhairt ar na treoirlínte DC seo agus a ngnásanna DC inmheánacha féin á gcur i dtoll a chéile acu.
- Ní mór do bhoird oideachais agus oiliúna, SOLAS agus Teagasc aird a thabhairt ar na treoirlínte DC seo agus a ngnásanna inmheánacha DC féin á gcur i dtoll a chéile agus á gceadú dóibh ag QQI.
- Tagann soláthraithe neamhspleácha nó príobháideacha clár ardoideachais, breisoideachais agus cláir Bhéarla chuig QQI dá ndeoin féin chun ceadú a lorg dá ngnásanna DC nó rochtain ar dhámhachtainí QQI. Ní mór do sholáthraithe dá sórt aird a thabhairt ar na treoirlínte DC seo agus a ngnásanna DC féin á gcur i dtoll a chéile acu agus á gceadú ag QQI.
- Ní mór d'fhorais cháiliúcháin liostaithe a fhéachann lena gcuid dámhachtainí a áireamh laistigh den CNC aird a thabhairt ar na treoirlínte DC seo agus a ngnásanna DC féin á gcur i dtoll a chéile acu.
- Ní mór do sholáthraithe comhlachaithe aird a thabhairt ar na treoirlínte DC seo agus a ngnásanna DC féin á gcur i dtoll a chéile acu lena gceadú ag foras cáiliúcháin liostaithe.
- Ní mór do sholáthraithe nasctha aird a thabhairt ar na treoirlínte DC seo agus a ngnásanna DC féin á gcur i dtoll a chéile acu lena gceadú ag foras cáiliúcháin liostaithe.

Mar atá leagtha amach i g**Croí-Threoirlínte Reachtúla DC de chuid QQI**, áirítear le gnásanna DC soláthar do chaidreamh le comhpháirtíochtaí seachtracha agus le dara soláthraithe. Clúdaíonn gnásanna DC gach socrú dá leithéid, lena n-áirítear soláthar a thabhairt ar fho-chonradh, taighde nó comhpháirtíochtaí eile i soláthar clár nó taighde nó seirbhísí gaolmhara sa bhaile agus thar lear de réir mar is cuí.

Spreagtar soláthraithe a thairgeann cláir a fhaigheann tacaíocht ó fhoghlaim chumaisc nó ó fhoghlaim atá go hiomlán ar líne, foghlaim nach bhfuil creidiúint ag baint léi ná nach leanann dámhachtain a chuirtear san áireamh laistigh den CNC as, déanamh de réir na n-ionchas agus na n-ábhar machnaimh maidir le cáilíocht a léirítear anseo. D'fhéadfadh go gcuideodh na treoirlínte leis an mbaol damáiste do chlú a mhaolú, go háirithe nuair a bhíonn tairiscintí ar fáil d'fhoghlaimoirí lasmuigh d'Éirinn. Mar sin, freastalaíonn na treoirlínte seo ar riachtanas reachtúil agus tá sé mar aidhm acu tacú le dea-chleachtas agus eispéireas dearfach nuair a dhéantar cláir a chumasc nó a sholáthar go hiomlán ar líne, agus DC, feabhsú agus breisiú i bhfeidhm.

1.4 CAD É CUSPÓIR, RAON FEIDHME AGUS ÁBHARTHACHT NA DTREOIRLÍNTE SEO?

Dhá chuspóir atá leis na treoirlínte seo. Ról reachtach, i dtús báire. Cuireann siad treoir ar fáil, ar an dara dul síos, do sholáthraithe maidir le DC agus breisiú cáilíochta i gcás na foghlama cumaisc agus na foghlama atá go hiomlán ar líne, mar a bhféadfadh foghlaimeoirí a bheith scoite amach, do chuid dá gclár staidéir, nó don chlár staidéir ar fad, uathu seo a leanas:

- Foghlaimeoirí eile
- Múinteoirí agus measúnóirí
- Institiúid an tsoláthraí
- Acmhainní foghlama agus seirbhísí tacaíochta

Beidh aird ag soláthraithe ar na treoirlínte mar bhonn le bunú (lena n-áirítear leasú) a ngnásanna DC do chlár chumaisc agus do chlár atá go hiomlán ar líne. Táthar ag súil go mbeidh gnásanna dá leithéid comhréireach le nádúr, scála agus castacht a gclár nó a n-ardmhianta don todhchaí. Aithnítear leis an bpointe seo nach mbeidh na treoirlínte go léir infheidhme maidir le gach institiúid, go háirithe soláthraithe beaga, agus iad siúd nach bhfuil ach líon réasúnta beag de thairiscintí cumaisc nó tairiscintí atá go hiomlán ar líne acu.

Tá na reoirlínte seo ceaptha d'úsáid:

- Soláthraithe, agus gnásanna DC á mbunú, á bhforbairt, á gcur i bhfeidhm, á meas, á gcothabháil, nó á n-athbhreithniú acu do chlár foghlama cumaisc lena mbaineann meascán de staidéar ar an láthair agus ar líne.
- Soláthraithe agus gnásanna dearbhaithe cáilíochta á mbunú, á bhforbairt, á gcur i bhfeidhm, á meas, á gcothabháil, nó á n-athbhreithniú do chlár atá go hiomlán ar líne a bhaineann le foghlaimeoirí atá scartha go fisiciúil óna múinteoir(í) agus a bpiaraí.
- Mar bhonn le ceadú, mar is gá, ó QQI do ghnásanna DC inmheánacha soláthraí.

Níl na treoirlínte seo ceaptha:

leis an tslí a leagan amach ina ndéanfaidh soláthraithe clár foghlama chumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne a dhearadh, a sheachadadh nó a chur ar fáil, nó conas a bhunóidh siad a ngnásanna DC inmheánacha. Ina ionad sin, táthar ag súil go mbeidh córais inmheánacha DC ag soláthraithe oideachais atá ag feidhmiú in Éirinn do chlár arna dtacú ag foghlaim chumaisc nó ag foghlaim atá go hiomlán ar líne atá oiriúnach dá gcomhthéacsanna aonair agus go n-áireofar leo gnásanna chun monatóireacht rathúil a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras sin.

Chomh fada agus is féidir, díritear sna treoirlínte seo ar na nithe sainiúla maidir le comhthéacsanna foghlama cumaisc agus comhthéacsanna ina ndéantar an fhoghlaim go hiomlán ar líne agus cad iad na gnéithe cáilíochta breise nuair a bhíonn solúbthacht ag foghlaimeoirí chun staidéar a dhéanamh ar líne. Eascaíonn na treoirlínte as athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht Eorpach agus idirnáisiúnta ar mhúnlaí DC agus ar chreataí do chlár foghlama chumaisc agus do chlár atá go hiomlán ar líne agus ionchorpraítear iontu go leor moltaí a bailíodh trí chomhairliúchán le geallsealbhóirí. Déantar cur síos in Aguisín 6.1 ar an gcaoi ar cuireadh na treoirlínte i dtoll a chéile,

ar an bpróiseas comhairliúcháin in imeacht 12 mhí nach mór, agus ar an litríocht atá mar bhonn lena ndearadh.

Gabhann na treoirlínte seo ionad threoirlínte QQI maidir le foghlaim chumaisc ach ní ghabhann siad ionad aon treoirlínte eile DC ó QQI. Comhlánaíonn siad treoirlínte DC eile ó QQI agus léiríonn siad noirm agus ionchais Eorpacha maidir le DC. Mar shampla, ailníonn siad go ginearálta leis na Caighdeáin agus na Treoirlínte Eorpacha (ESG)¹⁵ atá ann cheana féin agus tógann sé orthu: féachann siad do na *Caighdeáin agus na Treoirlínte Idirnáisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta san Oideachas Treasach* a bhaineann go sonrach le módúlachtaí ar líne agus modúlachtaí cumaisc, gearrchláir foghlama agus oideachas trasteorann (Líonra Idirnáisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas, 2022)¹⁶.

¹⁵ European Association for Quality Assurance in Higher Education et al. (2015), Standards and Guidelines for Quality Assurance in the European Higher Education Area (ESG), http://www.enqa.eu/wp-content/uploads/2015/11/ESG_2015.pdf.

¹⁶ International Network of Quality Assurance in Higher Education. (2022). International Standards and Guidelines for for Quality Assurance in Tertiary Education. <https://www.inqaahe.org/sites/default/files/INQAAHE-International-Standards-and-Guidelines-ISG.pdf>

2 AN COMHTHÉACS

Is am atá ag athrú go tapa an t-am a chuirtear na treoirilínite seo ar fáil. Tá go leor gnéithe dár saol laethúil á n-athrú ó bhonn a bhuíochas don teicneolaíocht dhigiteach. Gné dár mbealaí maireachtála agus foghlama ná go n-úsáidimid ár ngléasanna móibíleacha go rialta chun faisnéis ábhartha ar líne a chuardach agus a aimsiú. Más mian leat siopadóireacht a dhéanamh, do bhillí a íoc, nó fanacht i dteagmháil le teaghlach agus cairde, is deacair a bheith rannpháirteach go gníomhach sa tsochaí gan an bunchumas chun úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach. Gach aon lá is nós leis na billiúin daoine ar fud an domhain úsáid a bhaint as na meáin shóisialta mar fhoinsé riachtanach faisnéise agus mar uirlis chumarsáide.

Is ionann cás leis an oideachas agus an oiliúint. Is beag clár nach n-úsáideann teicneolaíocht dhigiteach agus an t-idirlíon ar bhealach éigin. Is cláir chumaisic iad cláir ina ndéantar cuid ar a laghad den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú fad a bhíonn an foghlaimeoir i bhfad ón teagascóir, agus mar sin ba chóir tacú leo trí na treoirilínite seo a chur i bhfeidhm.

2.1 CÉN tATHRÚ ATÁ AG TEACHT AR THÍRDHREACH AN OIDEACHAIS?

Le deich mbliana anuas, tá Ollchúrsaí Oscailte Ar Líne (MOOCs), tar éis na milliúin foghlaimeoirí a mhealladh chuig na mílte cúrsaí ar líne saor in aisce. Ba bhuaicphointe í géarchéim COVID-19 don fhoghlaim ar líne agus soláthraithe ag dul i ngleic go tapa leis an gcianteagasc agus an measúnú éigeandála. Chuir an taithí aonuaire seo béim níos mó ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na foghlama ar líne. I gcomparáid le modhanna múinte traidisiúnta ba mhinic nár tuigeadh nach aonán amháin í an fhoghlaim ar líne; tá go leor éagsúlachtaí ann - díreach mar atá idir teagasc ar an láthair agus léachtaí móra, idir go ranganna teagaisc beaga agus saotharlanna praiticiúla.

Mar a luadh cheana, d'adhain an phaindéim dhomhanda an t-éileamh méadaitheach a bhí ann ó fhoghlaimeoirí ar níos mó solúbthachta maidir leis an mbealach ina bhfoghlaímíonn siad. Cuireann freagairt ar an éileamh méadaitheach seo castacht bhreise leis an bpróiseas deartha foghlama, leis na cineálacha cur chuige is oiriúnaí don teagasc agus don mheasúnú, na cineálacha acmhainní foghlama is fearr agus na gnásanna DC gaolmhara. Mar shampla, tá sé ag éirí níos coitianta anois léachtaí a fhístaifeadadh ionas gur féidir le foghlaimeoirí iad a fheiceáil ag a luas féin agus ina n-áit féin. Mar sin féin, d'ardaigh athbhreithniú ón RA ar fhoghlaim chumaisic, a rinne Oifig na Mac Léinn (2022)¹⁷, imní mhór faoi chúrsaí cáilíochta mar gheall ar inrochtaineacht na dtaifeadtaí sin agus ceisteanna níos leithne maidir le hacmhainní digiteacha ó thaobh saolré agus athchúrsála de.

Cuireann feidhmchláir AI gné eile leis an tírdhreach athraitheach. Cé go bhfuil stair fhada áibhéile, dóchais agus díomá ag “EdTech” (Gouseti, 2010)¹⁸, tá go leor deiseanna nua ar fáil do sholáthraithe. Fós féin, tá fíor-imní ann faoin ionracas acadúil, réitigh ardáin agus áit na teicneolaíochta digítí i bhfoghlaím an duine. I gcomhthéacs an chúlra seo, déanann na treoirilínite

¹⁵ European Association for Quality Assurance in Higher Education et al. (2015), Standards and Guidelines for Quality Assurance in the European Higher Education Area (ESG), http://www.enqa.eu/wp-content/uploads/2015/11/ESG_2015.pdf.

¹⁶ International Network of Quality Assurance in Higher Education. (2022). International Standards and Guidelines for Quality Assurance in Tertiary Education. <https://www.inqaahe.org/sites/default/files/INQAAHE-International-Standards-and-Guidelines-ISG.pdf>

¹⁷ Office of Students. (2022). Blended learning and OfS regulation. <https://www.officeforstudents.org.uk/publications/blended-learning-and-ofs-regulation/>

¹⁸ Gouseti, A. (2010). Web 2.0 and education: Not just another case of hype, hope and disappointment? Learning, Media and Technology, 35(3), 351-356. <https://doi.org/10.1080/17439884.2010.509353>

na féidearthachtaí a bhaineann le todhchaí foghlama nua a chothromú leis na rioscaí agus na cúinsí cáilíochta breise. Is é an bunphrionsabal ná go mbíonn na bunphrionsabail a ghabhann le heispéireas foghlama ar ardchaighdeán mar a chéile den chuid is mó. Ar bhonn gaolmhar, áfach, tá saincheistanna cáilíochta ar leith le réiteach i gcás cláir a bhfuil comhpháirt ar líne iontu nach mór do sholáthraithe a mheas de bhreis ar na bunriachtanais DC.

Mar sin, díritear sa treoir seo ar DC na gclár a dtacaítear leo le seachadadh ar líne. Cosúil le gach cineál clár, táthar ag súil go lorgóidh soláthraithe na modhanna is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun tacú le foghlaimeoirí na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach. Is minic a éilíonn soláthar den sórt sin meascán de straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe, lena n-áirítear roinnt comhpháirteanna foghlama ar líne.

2.2 CAD IAD NA GNÉITHE ATÁ I BPÁIRT AG CLÁIR FOGHLAMA CHUMAISIC?

Cé gur iomaí cineál foghlama a bhíonn i gceist leis an bhfoghlaim chumaisc, is í an ghné shainitheach go mbíonn meascán d'eispéiris foghlama ar líne agus ar an láthair sa chlár staidéir. D'fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo a leanas i ngné chumaisc an eispéiris:

- Teagasc duine le duine ar an láthair ina n-úsáideann múinteoirí cuir i láthair, pobalbhreitheanna ranga a ullmhaíodh go digiteach agus uirlisí digiteacha eile chun foghlaimeoirí a mhealladh.
- Córas Bainistíochta Foghlama (LMS) atá mar chroílár na Timpeallachta Foghlama Fíorúla (VLE) atá deartha chun tacú le plé ar líne, acmhainní digiteacha foghlama, tástálacha agus tráth na gceist le haghaidh measúnú foirmitheach agus suimitheach, agus riar cúrsaí.
- Córas Físchomhdhála a thacaíonn le foghlaim shioncrónach ar líne agus le comhairliúcháin le múinteoirí agus le piarphlé i ngrúpaí beaga.
- Rochtain ar théacsleabhar leictreonach agus/nó ar acmhainní leabharlainne digití an tsoláthraí ar féidir rochtain a fháil orthu go cianda agus gan uaim tríd an LMS/VLE.
- Ardán tiomnaithe TF ina dtacaítear le taifeadadh agus athsheinm fuaime agus físeán digiteach, a chomhtháthaíonn leis an LMS/VLE de ghnáth.
- Naisc chuig Acmhainní Oscailte Oideachais (OERanna) atá ar fáil saor in aisce tríd an Idirlíon, a roinntear go rialta le linn ranganna ar an láthair agus tríd an LMS/VLE.
- Ardán atá comhtháite go hiondúil leis an LMS/VLE a éascaíonn forbairt agus rochtain ar phunann leictreonach le haghaidh féinmhachnamh criticiúil agus measúnú foirmitheach.
- Gníomhaíochtaí foghlama agus tascanna measúnaithe ar gá do scoláirí éagsúlacht leathan d'uirlisí digiteacha a úsáid chun na torthaí foghlama a bhaint amach, nó a spreagann an úsáid sin.
- Measúnú a chuirtear isteach, a dhéantar a sheiceáil go minic le haghaidh úrnuacht agus ionracas acadúil trí ardáin speisialtóra, a mharcáiltear ansin agus a sheoltar ar ais chuig foghlaimeoirí le haiseolas tríd an teicneolaíocht dhigiteach.
- Seirbhísí tacaíochta agus forbartha do mhic léinn trína mbreisítear rath an fhoghlaim, lena n-áirítear acmhainní ar líne don scríbhneoireacht, don mhatamaitic, do chomhairle ghairme, etc.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh go n-áireofaí i roinnt clár foghlama cumaisc saotharlanna fíorúla, feidhmchláir teanga, ionsamhlúcháin ar líne, eispéiris réaltachta méadaithe agus promhaireacht leictreonach le haghaidh measúnú suimitheach agus scrúduithe deiridh. Tá go leor féidearthachtaí eile ann. Is é an rud is tábhachtaí ná go ndéanann soláthraithe iarracht uirlisí digiteacha nua a cheapadh agus a phiólótu, go ndéanfaidh siad iad a mheas, leis, le cinntiú go gcuireann siad le heispéireas foghlama cumaisc ardchaighdeáin.

Is é an bunphrionsabal gur gá cuspóir a bheith ag an bhfoghlaim chumaisc agus nach gné bhreise í a gcuireann ach sraith costasach oideachais eile leis gan 'luach a chur leis' an eispéireas foghlama.

D'fhéadfadh leibhéal an chumaisc a bheith éagsúil ó leabú éadomhain go leabú domhain uirlisí agus acmhainní digiteacha, le líon beag nó líon mór foghlaimeoirí. Mar an gcéanna, féadfaidh an chomhpháirt ar líne a bheith mar chuid bheag nó cuid shubstainteach den eispéireas iomlán, ag brath ar an gcomhthéacs, cineál na bhfoghlaimeoirí agus na torthaí foghlama atá beartaithe. D'fhéadfadh sé nach mbeadh eispéireas substaintiúil ar líne ag baint le cláir phraiticiúla nó disciplíní ábhar áirithe. Ar an ábhar sin, ba cheart go mbeadh na céatadáin den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú ar líne agus ar an láthair sonraithe go soiléir agus go dtuigfeadh na geallsealbhóirí go léir iad. Níl aon oideas amháin ann chun clár foghlama cumaisc ardchaighdeáin a dhearadh, agus is é sin an fáth go dtugann na treoirlínte táscairí dea-chleachtas seachas leabhar simplí cócaireachta de réitigh.

2.3 CAD IAD NA GNÉITHE ATÁ I BPÁIRT AG CLÁIR FOGHLAMA CHUMAISIC?

Cé is moite de na gnéithe ar an láthair, tá gnéithe uile na foghlama cumaisc le fáil, leis, i gcláir foghlama atá go hiomlán ar líne. Cé go bhféadfadh nach mbeadh sa chomhpháirt teagasc de chlár foghlama atá go hiomlán ar líne níos mó ná ranganna seachtainiúla sioncrónacha beo, is gnách go dtacaíonn LMS an tsoláthraí le taithí níos saibhre agus níos cuimsithí. Ba chóir go gcuirfeadh an LMS leis na comhpháirteanna foghlama agus measúnaithe, leis.

Meastar sna treoirlínte seo go leanfaidh an LMS de ról tábhachtach a bheith aige sa VLE i gcoitinne go ceann i bhfad.

Caithfidh aon croí-ardán foghlama ar líne laistigh den VLE téarmaí an GDPR a chomhlíonadh agus de ghnáth déanfar é a chomhtháthú le córais eile an tsoláthraí, go háirithe Córas Faisnéise na Mac Léinn (SIS). Ba cheart go mbeadh bearta cibearshlánda ar chaighdeán an tionscail i bhfeidhm i gcás gach croí-ardán ar líne chun rioscaí leanúnachais gnó a íoslaghdú agus chun sonraí foghlaimeora a chosaint.

Ba chóir go mbeadh samplaí den chaoi a dtarlóidh an fhoghlaim go hiomlán ar líne ar fáil sula gcinnfidh na foghlaimeoirí staidéar a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh ionchas réasúnach ag foghlaimeoirí den mhéid atá i gceist leis an staidéar. Cuirfear tús le clár foghlama atá go hiomlán ar líne de ghnáth le fáilte nó treoshuíomh fíorúil. Ba cheart go mbeadh acmhainní ar fáil chun tacú le foghlaimeoirí a scileanna digiteacha a fhorbairt agus chun foghlaim conas a bheith ina

bhfoghlaimoírí éifeachtacha ar líne. Féadfaidh soláthraithe tacaíocht foghlama breise agus seirbhísí forbartha, leis, a thairiscint atá dírithe ar riachtanais foghlaimoírí atá go hiomlán ar líne, lena n-áirítear foghlaimoírí atá faoi mhíchumas. Cé go bhféadfadh deiseanna a bheith ar fáil chun bualadh le múinteoirí agus le piaraí ar shuíomh nó ar champas an tsoláthraí, beidh siad seo deonach agus níor cheart go mbeidís riachtanach chun torthaí foghlama an chlár a bhaint amach.

Is léir ón litríocht taighde nach mbíonn idirghníomhaíochtaí ar an láthair ag teastáil i gcás clár dhea-dheartha atá bunaithe ar phrionsabail an dea-chleachtais agus gur féidir leo a bheith chomh maith nó níos fearr ná modhanna traidisiúnta teagaisc (Martin, et al., 2022)¹⁹.

Ní hé an modh staidéir an ghné is tábhachtach ach ó thaobh na cáilíochta de ach dearadh na foghlama agus na seirbhísí tacaíochta gaolmhara. Chun eispéireas ar ardchaighdeán a chur ar fáil, beag beann ar an mód staidéir, teastaíonn fócas d'aon ghnó ar an dearadh foghlama, na modhanna teagaisc, na hacmhainní foghlama agus na straitéisí measúnaithe is oiriúnaí chun tacú le cohóirt foghlaimoírí agus na torthaí foghlama clár atá beartaithe a bhaint amach.

Ciallaíonn sé sin nach mbíonn tagarmharcanna agus táscairí cáilíochta atá deartha le haghaidh soláthar traidisiúnta ar an láthair oiriúnach don fheidhm i gcomhthéacs foghlama atá go hiomlán ar líne agus bíonn sé riachtanach iad a oiriúnú. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh táscairí a bhaineann le ham ullmhúcháin teagaisc, líon uaireanta teagmhála, úsáid spásanna fisiceacha foghlama, minicíocht cuairteanna leabharlainne, uaireanta oscailte do sheirbhísí mac léinn, rannpháirtíocht i socrúcháin, rochtain ar chlubanna, spóirt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile ábhartha agus breithiúnais á ndéanamh faoi cháilíocht na gclár foghlama atá go hiomlán ar líne. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh foghlaimoírí lánsásta go bhfuil a mód staidéir agus a soláthar seirbhíse comhionann go hiomlán le haon cheann eile chun deis a sholáthar chun na torthaí foghlama a bhaint amach.

2.4 CÉN FÁTH TREOIRLÍNTE IN ÁIT CHAIGHDEÁIN FHORORDAITHE?

Caitheadh socruithe DC éagsúlacht an tsoláthair sa chóras náisiúnta oideachais agus oiliúna a léiriú agus a bheith oiriúnach do thimpeallacht dhinimiciúil náisiúnta agus idirnáisiúnta. Mar sin, bheadh sraith íoschaighdeáin nó caighdeáin fhorordaithe do chlár foghlama chumaisc agus clár atá go hiomlán ar líne róchúng agus ní dhéanadh sé soláthar don chleachtas atá ann faoi láthair ná don chleachtas atá ag teacht chun cinn. Aithnítear sna prionsabail dea-chleachtais atá mar bhonn leis na treoirlínte seo éagsúlacht comhthéacsanna agus soláthraíonn siad pointe tagartha seachas oideas chun eolas a thabhairt, tagarmharcáil agus feabhsú a dhéanamh ar dhearadh eispéiris foghlama chumaisc agus eispéiris atá go hiomlán ar líne. Léiríonn siad gnéithe cáilíochta ar speictream leathan soláthraithe agus aithníonn siad gur féidir le clár a bhfuil comhpháirt ar líne acu a bheith i bhfoirmeacha éagsúla. Tá an comhthéacs ríthábhachtach don chaoi a ndéanann soláthraithe clár a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú, bunaithe ar na treoirlínte seo.

¹⁹ Martin, F. Sun, T., Westine, C., & Ritzhaupt, A. (2022). Examining research on the impact of distance and online learning: A second-order meta-analysis study. *Educational*

ROINN 2: NA TREOIRLÍNTE

3 LEAGAN AMACH

Cuireadh na treoirlínte seo i dtoll a chéile ar an mbonn gurb é an rud is éifeachtaí i gcás DC ná go nglacfadh an soláthraí freagracht as (QQI, 2016)²⁰. Is ar na soláthraithe agus ar a bhfoireann teagaisc, riaracháin agus tacaíochta gairmiúla atá an phríomhfhreagracht maidir le cáilíocht. Mar sin, ní mór an fhreagracht as cáilíocht a bheith faoi úinéireacht, comhroinnte agus dáilte ar fud an tsoláthraí. Ar ndóigh, ní mór do sholáthraithe oibriú go dlúth freisin le foghlaimeoirí mar chomhpháirtithe ina gcuid foghlama féin agus i gcomhairle le forais tionscail, gairmiúla, reachtúla agus rialála (PSRBanna) agus páirtithe leasmhara pobail.

Is fiú a rá go n-aithnítear sna treoirlínte seo go bhfuil cuspóirí éagsúla ag an dearbhú cáilíochta. Ar thaobh amháin, cinntíonn sé comhlíonadh reachtúil, cuireann sé cuntasacht phoiblí ar fáil, agus soláthraíonn sé roinnt cosaintí d'fhoghlaimeoirí agus d'fhostóirí, mar a cheanglaíonn QQI. Ar an taobh eile de, cuireadh na treoirlínte seo i dtoll a chéile chun cabhrú le soláthraithe tacú lena dtiomantas d'fheabhsú cáilíochta agus d'fheabhsúcháin leanúnacha. Féachann siad le tacaíocht a thabhairt do thimthriall cáilíochta comhthreisithe i bhforbairt leanúnach clár arna dtacú ag seachadadh cumaisc agus seachadadh ar líne.

Is é an dara bunphrionsabal é nach cleachtadh “ticbhosca” é DC. Dá réir sin, taobh amuigh de na ceanglais reachtúla, is féidir le soláthraithe na treoirlínte a úsáid mar chabhair chun feabhsú leanúnach agus soláthar atá oiriúnach don fheidhm i gcás cláir foghlama cumaisc agus cláir atá go hiomlán ar líne a threorú agus a chumasú, agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Maidir leis seo, níl aon pointe deiridh ann maidir le cáilíocht a shainiú, go háirithe i bhfianaise forbairtí leanúnacha san fhoghlaim theicneolaíocht-fheabhsaithe atá ag cur, an t-am ar fad, leis an méid is féidir a dhéanamh.

Is é an tríú bunphrionsabal ná go gcaithfidh DC a bheith ilghnéitheach agus iltoiseach. Ar an ábhar sin, aithnítear sna táscairí dea-chleachtais seo a leanas gur gá ionchuir, próisis, acmhainní agus aschuir a chur san áireamh le lúb leanúnach DC a chothú. Dá réir sin, díreann na treoirlínte seo ar gach ceann de na gnéithe forluiteacha agus comhcheangailte seo den DC. Spreagann siad soláthraithe go háirithe chun aird mhéadaithe a thabhairt ar aschuir agus iad ag díriú ar fheabhsú cáilíochta.

3.1 CÉN LEAGAN AMACH ATÁ AR NA TREOIRLÍNTE?

Tá na treoirlínte seo agus na táscairí dea-chleachtais gaolmhara do chláir foghlama chumaisc agus iomlána ar líne bunaithe ar thrí cinn de chomhthéacsanna. Tacaíonn siad le cur chuige ilsraithe a thógann ar struchtúr na *d'Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Clár Foghlama Cumaisc* (QQI, 2018)²¹ roimhe seo. Dá réir sin, tá na treoirlínte eagraithe faoi na ceanteidil seo a leanas:

20 Quality and Qualifications Ireland. (2016). Policy in quality assurance guidelines. <https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/qp-10-policy-on-quality-assurance-guidelines.pdf>

21 Quality and Qualifications Ireland. (2018). Statutory quality assurance guidelines for providers of blended learning programmes. <https://www.qqi.ie/sites/default/files/media/file-uploads/Statutory%20QA%20Guidelines%20for%20Blended%20Learning%20Programmes.pdf>

- An comhthéacs eagraíochtúil
- Ábhar an chláir
- Comhthéacs eispéireas an fhoghlaimeora

Aithnítear i gComhthéacs na hEagraíochta an tábhacht a bhaineann le ceannaireacht, bainistíocht cáilíochta, beartais agus rialacháin ábhartha, oiliúint foirne agus forás gairmiúil, agus soláthar bonneagair atá oiriúnach don fheidhm i gcomhthéacs an tsoláthraí. Tá réimse tábhachtach eile ann, leis, atá dírithe ar shaincheisteanna cáilíochta d'fhoghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn. Sé réimse atá ann:

- Pleananna straitéise, bainistíochta agus feidhmithe
- Próisis beartais, rialacháin, agus riaracháin
- Airgeadas, bonneagar agus acmhainní
- Oiliúint foirne, forás gairmiúil, agus tacaíocht institiúideach
- Socruithe comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha
- Foghlaimeoirí taobh amuigh d'Éirinn

Díríonn Comhthéacs an Chláir ar na próisis cheadaithe agus ar dhearadh an churaclaim. Breithnítear ann struchtúr an chláir, comhleanúnachas, seicheamhú, ábhair foghlama, modhanna teagaisc agus measúnaithe, agus straitéisí meastóireachta chun eispéireas foghlama ardchaighdeáin a chumasú. Sé réimse atá ann:

- Torthaí cláir
- Próisis formheasta agus bailíochtaithe
- Foghlaim agus dearadh curaclaim
- Ábhair agus acmhainní foghlama
- Cleachtais measúnaithe agus aiseolais
- Meastóireacht agus feabhsú leanúnach

Dírítear i gComhthéacs Eispéireas an Fhoghlaimeora ar an tábhacht a ghabhann le tacaíocht, le hardleibhéil rannpháirtíochta agus le comhionannas deiseanna a chur chun cinn. Go háirithe, áirítear ann roinnt ábhair DC breise anuas orthu siúd sna treoirlínte roimhe seo. Léiríonn an chuid seo fócas níos láidre fós ar an bhfoghlaimeoir agus ar cháilíocht a n-eispéireas foghlama i gcláir a fhaigheann tacaíocht ó sholáthar cumaisc agus ó sholáthar atá go hiomlán ar líne. Ceithre réimse atá ann:

- Ag smaoineamh ar staidéar
- Tacaíocht agus forbairt foghlama
- Comhionannas deiseanna
- Eispéireas agus torthaí an fhoghlaimeora

Tosaíonn gach comhthéacs le ‘Ráiteas ar an Raon Feidhme’ gairid, agus soláthraíonn gach réimse ‘Ráiteas Dea-Chleachtais’ agus ina dhiaidh sin sraith d’ábhair dhea-chleachtais a d’fhéadfadh a bheith riachtanach.

Is den tábhacht é nach mbeifí ag súil go mbeidh gach gnás cáilíochta i bhfeidhm ag gach soláthraí, toisc go mbraitheann sé ar an gclár agus ar an gcomhthéacs institiúideach.

Déanann na treoirlínte faoi gach réimse cothromaíocht a oiread agus is féidir idir an leibhéal mionsonraí nó ar an tsainiúlacht a theastaíonn le haghaidh gnásanna láidre DC, agus ualach an ama bhreise, na n-acmhainní agus an dualgais chruthúnais a leagtar ar sholáthraithe. Cé go bhfuil siad cuimsitheach, ní dhírítear sna treoirlínte ar gach ábhar cáilíochta féideartha a tháinig chun cinn as an athbhreithniú ar an litríocht nó le linn an chomhairliúcháin le geallsealbhóirí. Dá ndéanfaí amhlaidh bheadh sraith treoirlínte níos faide fós ann, a bheadh dodhéanta do sholáthraithe áirithe a chur i bhfeidhm nó a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

3.2 CAD IAD NA SAINGHNÉITHE CÁILÍOCHTA A BHAINNEAN LE CLÁIR ATÁ GO HIOMLÁN AR LÍNE?

Glactar leis sna treoirlínte seo go mbaineann an chuid is mó de bhreithnithe cáilíochta agus táscairí gaolmhara dea-chleachtais le gach clár a thacaíonn le heispéireas foghlama solúbtha. Is tacú don tuiscint seo an anailís ar an litríocht ábhartha a rinneadh agus na treoirlínte á gcur i dtoll a chéile.

Mar sin féin, léirigh an taighde seo go leor gnéithe sonracha cáilíochta nach mór do sholáthraithe a thairgeann cláir foghlama atá go hiomlán ar líne a chur san áireamh faoi gach comhthéacs, mar shampla rochtain; ullmhacht; scileanna digiteacha; an meascán de sheachadadh sioncronach agus

seachadadh aisioncronach; na gnásanna deartha agus forbartha chun ábhair foghlama a cheadú agus a nuashonrú; inrochtaineacht acmhainní foghlama; na socrúithe do thacaíocht, d’fhorbairt agus do threoir na mac léinn; ionracas acadúil; agus foghlaimeoirí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d’Éirinn.

Dá bhrí sin, nuair is ábhartha, léirítear 10 gcinn d’ábhair suntais cáilíochta a bhaineann go sonracha le cláir foghlama atá go hiomlán ar líne faoi na trí chomhthéacs agus na réimsí gaolmhara. Taispeántar go soiléir iad i bhformáid tábla i bhfoirm shraith eangaithe faoin táscaire dea-chleachtais ábhartha ina liostaítear ábhair mhachnaimh ar leith maidir le DC. Áirítear sna táblaí, leis, roinnt cásanna ina bhfuil difríocht idir na hábhair mhachnaimh DC don fhoghlaim atá go hiomlán ar líne agus na cinn do chláir foghlama cumaisc.

4 RÉIMSÍ AGUS GNÁSANNA

Tugtar isteach sa roinn seo na réimsí agus na hábhair mhachnaimh dea-chleachtais DC, i gcás gach ceann de na comhthéacsanna.

4.1 AN COMHTHÉACS EAGRAÍOCHTÚIL

Dírítear sa chéad roinn seo ar ghnéithe straitéiseacha agus ar ghnéithe a bhaineann le gach cuid d'institiúid i dtaca le bainistiú cáilíochta do chlár foghlama chumaisic agus do chlár atá go hiomlán ar líne, lena n-áirítear straitéis, próisis bheartais agus riaracháin, bonneagar teicniúil agus riachtanais oiliúna agus forbartha gairmiúla chun pearsanra a bhfuil na scileanna cuí acu a fhorbairt.

Ar an leibhéal eagraíochtúil, is gá tuiscint a léiriú ar na héilimh shainiúla a leanfaidh as soláthar cumaisic agus soláthar atá go hiomlán ar líne ar bhonneagar agus ar chórais nach ionann iad agus comhthéacsanna traidisiúnta duine le duine. I gcás nach dtuigtear a dhóthain nádúr an tseachadta ardcháilíochta chumaisic agus an tseachadta atá go hiomlán ar líne, d'fhéadfadh clár a dearadh ar dtús do thimpeallacht foghlama ar an láthair a bheith neamhoiriúnach ar go leor cúiseanna d'fhoghlaimoirí. Mar shampla, ní éireoidh leis an bhfoireann teagaisc a bhfuil eolas nó taithí theoranta foghlama ar líne acu na deiseanna agus na dúshlán oideolaíoch a thuiscint chomh hiomlán céanna. Go ginearálta ní bheidh eispéireas maith ag foghlaimoirí má fhaigheann siad léachtaí, acmhainní foghlama, agus gníomhaíochtaí eile a dearadh ar dtús le seachadadh ar an láthair agus a athúsáidtear ar líne gan iad a athdhearadh agus a scagadh ar mhaithe leis an gcuspóir agus leis an gcomhthéacs sin.

Tá an fhreagracht ar sholáthraithe dálaí a chruthú le haghaidh dea-eispéireas foghlama. Is suntasach na rioscaí do dhea-chlú a d'fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh. Ba cheart do sholáthraithe foghlama atá go hiomlán ar líne a bheith aireach go háirithe maidir le cineálacha cur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimoir a úsáid, a thacaíonn le foghlaim ghníomhach, seachas ábhar digiteach a sholáthar do chohórt foghlaimoirí atá scaipthe ó thaobh na tíreolaíochta de. Ní mór inrochtaineacht a chur san áireamh, mar is eol go roghnaíonn go leor foghlaimoirí atá go hiomlán ar líne an modh staidéir seo de bharr míchumaisic nó sainriachtanais foghlama²².

22 Féach Healy, R. (2022). Learning from home 2021: A survey of Irish FET and HE students with disabilities learning through COVID-19. AHEAD. https://www.ahead.ie/userfiles/files/Learning%20from%20home%20report_digital.pdf

Ní dócha go mbeidh bonneagar TF agus córais riaracháin a dearadh ar dtús le haghaidh comhthéacsanna teagaisc ar an láthair oiriúnach don fheidhm do chlár foghlama chumaisc nó do chlár atá go hiomlán ar líne. Tá uirlisí agus ardáin dhigiteacha speisialaithe, iontaofa agus inrochtana ag teastáil chun foghlaim ar líne a dhearadh, a fhorbairt agus a éascú. I measc na réimsí ina bhféadfadh sé a bheith riachtanach beartais, córais agus próisis atá ann cheana féin a oiriúnú nó a athbhreithniú le haghaidh soláthar cumaisc nó soláthar atá go hiomlán ar líne, tá dul chun cinn agus gnóthachtáil foghlaimeora a rianú, measúnuithe a mharcáil agus a thabhairt ar ais, agus aiseolas a sholáthar d'fhoghlaimeoirí agus do mheasúnóirí.

Mar sin, ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar chinneadh roinnt cineál soláthair nó gach cineál soláthair a thairiscint trí fhoghlaim chumaisc nó trí fhoghlaim atá go hiomlán ar líne agus é a bheith mar chuid d'fhís an tsoláthraí, le tacaíocht ó straitéis cheadaithe a a bhfuil dóthain maoinithe ann dó. Níor cheart go mbeadh díograis agus saineolas roinnt daoine mar spreagthóir do chinneadh den sórt sin, cé gur cheart leas a bhaint as fuinneamh den sórt sin, é a aithint agus a luacháil. Ciallaíonn sé seo go hiondúil go bhfuil gá le straitéis agus plean, treoir shoiléir d'fhorbróirí clár agus infheistíocht chuí in acmhainn agus seirbhísí a fhorbairt chun soláthar foghlama cumaisc nó soláthar atá go hiomlán ar líne ar ardchaighdeán a chinntiú, a thabharfadh eispéireas maith d'fhoghlaimeoirí.

Mínítear na pointí seo tuilleadh na táblaí seo a leanas, agus baineann sé réimse díobh le leibhéal an Chomhthéacs Eagraíochtúil.

TREOIRLÍNTE DO SHOLÁTHRAITHE A CHUIREANN CLÁIR CHUMAISIC NÓ CLÁIR ATÁ GO HIOMLÁN AR LÍNE AR FÁIL

AN COMHTHÉACS EAGRAÍOCHTÚIL	
Ráiteas Raon Feidhme	Dírítear sa Chomhthéacs Eagraíochtúil ar ghnéithe straitéiseacha agus ar ghnéithe uile-institiúide den bhainistiú cáilíochta do chlár a fhaigheann tacaíocht ó sholáthar cumaisc agus ó sholáthar atá go hiomlán ar líne. Socraíonn ann cibé an bhfuil na gnásanna cuí i bhfeidhm maidir le straitéis, beartais, rialacháin agus próisis riaracháin, airgeadas, bonneagar, acmhainní, oiliúint agus forás gairmiúil, tacaíocht institiúideach, comhoibriú straitéiseach, agus comhpháirtíochtaí, agus dírítear ann ar fhadhbanna a bhíonn ag foghlaimoirí atá ag staidéar lasmuigh d'Éirinn.
1. Pleananna Straitéise, Bainistíochta agus Feidhmithe	
Ráiteas Dea-chleachtas	Bunaítear fíís shoiléir, straitéis shoiléir, agus pleananna bainistíochta dea-fhorbartha chun tacú le tionscnamh, forbairt, soláthar, athbhreithniú agus cothabháil clár cumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne.
Tacaítear le dea-chleachtas agus léirítear é trí:	<p>1.1 Fíís shoiléir agus cur chuige straitéiseach maidir le soláthar foghlama cumaisc agus/nó go soláthar foghlama atá go hiomlán ar líne a fhorbairt, a thagann le misean an tsoláthraí, a chomhroinntear leis an bhfoireann, foghlaimoirí agus páirtithe leasmhara eile, agus atá intuigthe dóibh.</p> <p>1.2 Ráiteas soiléir ar na prionsabail / na critéir a bheidh mar bhonn le cinnteoireacht maidir le hoiriúnacht modhanna cumaisc nó modhanna atá go hiomlán ar líne chun clár nua a fhorbairt.</p> <p>1.3 Ailíniú idir straitéis, pleananna teagaisc, foghlama agus measúnaithe an tsoláthraí agus pleananna feidhmithe do sholáthar cumaisc agus/nó do sholáthar atá go hiomlán ar líne, a dhéantar a chomhtháthú go cuí i mbeartais agus i ngnásanna DC gaolmhara.</p> <p>1.4 Príomhróil cheannaireachta chuntasacha, le húinéireacht próisis ghnó atá sainmhínithe go soiléir agus struchtúir chuí i bhfeidhm chun tacú le soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne.</p> <p>1.5 Pleananna agus próisis forbartha clár cumaisc nó clár atá go hiomlán ar líne a ailíniú idir an leibhéal institiúideach agus leibhéal na n-aonad, na scoileanna nó na ranna aonair.</p> <p>1.6 Úsáid a bhaint as faisnéis mhargaidh chun scála an éilimh agus an ioncaim fhéideartha a léiriú chun inmharthanacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na gclár cumaisc nó na gclár atá go hiomlán ar líne a chinntiú.</p>
Clár atá go hiomlán ar líne	Maidir le clár atá go hiomlán ar líne, ní mór go n-áireofaí sa phlean teagmhasach machnamh ar chainéil dhigiteacha lasmuigh de ghnáth-bhonneagar an tsoláthraí chun a laghad cur isteach agus is féidir ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú foghlaimoirí cian-staidéir a chinntiú.

2. Beartais, Rialacháin, agus Próisis Riaracháin		
Ráiteas Dea-chleachtas	Dírítear i sraith shoiléir beartas, rialachán agus próiseas riaracháin atá oiriúnach don fheidhm ar dhea-chleachtas maidir le soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne, agus déanann siad é a chumasú agus a thacú.	
Tacaítear le dea-chleachtas agus léirítear é trí:	2.1 Beartais, rialacháin agus próisis riaracháin atá oiriúnach don fheidhm chun cláir foghlama chumaisc agus/nó clár foghlama iomlán ar líne a sholáthar.	
	2.2 Ionchais ceadaithe agus foilsithe do cháilíocht an tsoláthair chumaisc agus/nó an tsoláthair atá go hiomlán ar líne, lena n-áirítear íoschaighdeán LMS/VLE, teimpléid dearaidh agus riachtanais inrochtaineachta d'ábhair dhigiteacha agus d'acmhainní foghlama.	
	2.3 Clár dhoiciméid ina ndírítear ar na himpleachtaí sonracha don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú de dhroim úsáid meán sioncronach nó aisioncronach.	
	2.4 Rialacháin acadúla agus clár a thacaíonn agus a aithníonn nádúr páirtaimseartha go leor clár foghlama cumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne.	
	2.5 Beartais earcaíochta agus iontrála agus córais faisnéise mac léinn agus próisis ghaolmhara a chumasaíonn d'fhoghlaimoirí ar chlár chumaisc agus ar chlár atá go hiomlán ar líne clárú go héifeachtach, táillí ábhartha a íoc agus rochtain a fháil ar fhaisnéis ríthábhachtach.	
	Cláir atá go hiomlán ar líne	I gcás struchtúr táillí do chlár foghlama atá go hiomlán ar líne atá difriúil leis an struchtúr do mhóid eile cláir, ní mór beartas táillí sainráite agus próisis ghaolmhara a bheith i bhfeidhm trína saináithnítear na cineálacha seirbhísí, gnásanna agus socruithe íocaíochta d'fhoghlaimoirí cian-staidéir.
	2.6 Samhail ualach oibre sainráite don fhoireann lena mbaineann ina n-aithnítear go leordhóthanach am ullmhúcháin, ina dtéitear níos faide ná uaireanta teagmhála díreach a thomhas agus ina dtacaítear le foghlaim sholúbtha trí rannpháirtíocht shioncronach agus/nó aisioncronach ar líne atá oiriúnach don fheidhm a chur in ionad modhanna teagaisc traidisiúnta.	
	2.7 Socruithe chun a chinntiú go gcomhlíontar aon oibleagáidí dlíthiúla nó rialála atá oiriúnach do sholáthar cumaisc agus/nó do sholáthar atá go hiomlán ar líne. Mar shampla, d'fhéadfadh go gcuimseodh sé seo: <ul style="list-style-type: none"> • cosaint leanaí • cothromas, éagsúlacht, agus cuimsiú • maoin intleachtúil agus cóipcheart • paraiméadair shoiléire maidir le cosaint sonraí lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) • ceanglais is infheidhme ó fhoras gairmiúil nó reachtúil • ábhair mhachnaimh rialála áitiúla i gcomhthéacs an tsoláthair thrasnáisiúnta 	
	2.8 Bainistíocht éifeachtach caidrimh trína gcumasaítear freagairt thráthúil éifeachtach ar fhiosrúcháin foghlaimoirí, ar iarratais riaracháin agus réiteach ar achomhairc agus ar ghearáin.	
2.9 Beartais mheasúnaithe, prótacail agus próisis riaracháin trína soláthraítear modh slán, rúnda agus iontaofa chun obair a chur isteach lena measúnú le deimhniú go bhfuarthas, agus socruithe soiléire agus cothroma chun ábhar a mharcáil, monatóireacht a dhéanamh ar aiseolas agus an t-aiseolas sin a thabhairt.		

	2.10 Beartas um Ionracas Acadúil a chuidíonn le hoideachas a chur ar fhoireann agus ar mhic léinn faoin eitic agus faoina thábhachtaí atá sé a gcuid oibre a chur i leith foinsí bunaidh i gceart, agus acmhainní a chur ar fáil chun tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhaineann le mífheidhmiú acadúil, caimiléireacht chonartha agus téacsanna agus táirgí scríofa AI-ghinte, go háirithe d'fhoghlaimoírí arb eol iad a bheith leochaileach do chleachtais den sórt sin.
	2.11 Socruithe láidre a bheith i bhfeidhm chun céannacht na bhfoghlaimoírí a dheimhniú, amhail fíorú aitheantais dhá mhodh mar chabhair chun cleachtais chialloiseacha a mhaolú, iarrachtaí chun buntáiste éagórach a bhaint amach, nó míchleachtas acadúil.
	2.12 Ardáin leictreonacha promhaidh a úsáidtear chun scrúduithe agus measúnuithe suimitheacha eile a riar a bheith rialaithe ag beartais agus prótacail shoiléire agus riachtanais eitice agus príobháideachais a chomhlíonadh, ina gcuirtear foghlaimoírí ar an eolas go hiomlán faoin gcaoi a stórálfar, a mbainistefar, a n-úsáidfear agus a scriosfar a gcuid sonraí. Cuirtear foghlaimoírí ar an eolas freisin maidir leis an gcaoi nár mhór dóibh dul i mbun oibre leis na hardáin réamhscrúdaithe.
	2.13 Cur chuige comhsheasmhach agus suirbhé ar líne a úsáidtear chun ligean d'fhoghlaimoírí meastóireacht rialta a dhéanamh ar cháilíocht a n-eispéiris foghlama cumaisc agus/nó na n-eispéireas foghlama atá go hiomlán ar líne. Roinntear na torthaí comhiomlánaithe agus na gníomhartha molta a eascraíonn as meastóireachtaí dá leithéid leis na foghlaimoírí.
	2.14 Aonad, seirbhís nó duine ar leith a bheith freagrach as gnásanna DC an tsoláthraí a bhainistiú, a chomhordú agus a athbhreithniú mar fhreagra ar fhorbairtí nua i soláthar cumaisc agus/nó i soláthar atá go hiomlán ar líne ionas go leanfaidh siad de bheith oiriúnach don fheidhm.
	2.15 Tá gnásanna DC i bhfeidhm ar fud an tsoláthraí áit a gcuireann sonraí feidhmíochta ábhartha eolas ar fáil do thuarascálacha rialta, athbhreithnithe timthriallacha, agus féinmheasúnú institiúideach ar sholáthar foghlama cumaiscthe agus/nó foghlama atá go hiomlán ar líne.

3. Airgeadas, Bonneagar agus Acmhainní	
Ráiteas Dea-chleachtais	Méadaíonn leibhéal na hinfheistíochta airgeadais, an cineál bonneagair TF agus na hacmhainní atá ar fáil an acmhainn atá ann agus cumasaíonn siad dea-chleachtas do sholáthar foghlama cumaisc agus/nó do sholáthar foghlama atá go hiomlán ar líne.
Tacaítear le dea-chleachtas agus léirítear é trí:	3.1 Áirítear i straitéis nó plan forfheidhmithe an tsoláthraí infheistíocht chuí i mbonneagar agus leithdháiltear dóthain maoinithe agus acmhainní chun clár foghlama cumaisc agus/nó clár foghlama atá go hiomlán ar líne a chinntiú.
	3.2 Samhlacha costála láidre trína mbreithnítear na costais bhreise a bhaineann le bonneagar TF, dímhéas, agus athsholáthar trealaimh, acmhainní foghlama a fhorbairt agus a nuashonrú, ionductú, oiliúint agus tacaíocht d'fhoireann agus d'fhoghlaimoirí atá ag gabháil do sholáthar foghlama cumaisc agus/nó do sholáthar foghlama atá go hiomlán ar líne.
	3.3 Cur chuige pleanáilte maidir le soláthar seirbhísí agus bonneagair TF a chomhlíonann ceanglais tairisceana iomchuí, lena n-áirítear beartas soiléir chun eisceachtaí a fhorghnó, agus a chloíonn le próisis roghnúcháin láidre.
	3.4 Déantar na hacmhainní bonneagair agus TF is gá chun tacú le foghlaim ardchaighdeán chumaisc agus/nó foghlaim ardchaighdeán atá go hiomlán ar líne a thuiscint, a phleanáil, a chomhtháthú, a dhéanamh idir comh-inoibritheach agus déantar monatóireacht agus meastóireacht rialta orthu.
	3.5 Córas Faisnéise Mac Léinn (SIS) atá oiriúnach don fheidhm ar cabhair é chun taifid chruinne a choinneáil agus tacú leis an tsolúbthacht mhéadaithe atá ar fáil trí chlár foghlama chumaisc agus/nó trí chlár atá go hiomlán ar líne.
	3.6 LMS lántacaithe agus oiriúnach don fheidhm, a uasghrádaítear go rialta agus a chumasaíonn an tsolúbthacht mhéadaithe a thugann dearadh na gclár foghlama cumaisc agus/nó na gclár go hiomlán ar líne.
	3.7 Nuair is cuí, tacaíonn roinnt uirlisí agus ardáin dhigiteacha eile atá oiriúnach don fheidhm leis an LMS a sholáthraíonn, i dteannta an VLE níos leithne, an acmhainn do sholáthar foghlama chumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne ar ardchaighdeán.
	3.8 Tá uirlisí digiteacha ceadaíte agus ardáin ar líne ar fáil a chomhtháthaítear más féidir leis an LMS chun cur ar chumas múinteoirí físeáin a thaifeadh agus a roinnt le haghaidh foghlaim aisioncronacha agus chun léachtaí, ranganna teagaisc agus ceardlanna sioncronacha beo a óstáil.
	3.9 Ardán iontaofa TF nó seirbhís tríú páirtí atá ar fáil chun an obair a dhéanann foghlaimoirí a sheiceáil le haghaidh bradaíl féideartha nó sárúithe eile ar ionracas acadúil.
	3.10 Tá cianrochtain ag foghlaimoirí ar leabharlann an tsoláthraí, ar bhunachair shonraí leictreonacha ábhartha, agus ar théacsleabhair fhorordaithe a bhaineann lena gclár staidéir.

Cláir ata go hiomlán ar líne	I gcás cláir foghlama atá go hiomlán ar líne, ní mór d'fhoghlaimoirí a bheith in ann cianrochtain a fháil ar leabharlann an tsoláthraí, ar bhunachair shonraí leictreonacha ábhartha, agus ar théacsleabhair fhorordaithe a bhaineann lena gclár staidéir.
3.11	Meicníochtaí slána iontaofa chun obair na bhfoghlaimoirí a chur isteach agus a aistriú go díreach chuig measúnóirí ar líne. Tá modh comhleanúnach atá ceadaithe ag an institiúid chun a dhearbú go bhfuarthas obair na bhfoghlaimoirí go sábháilte
3.12	Tá acmhainn, airgeadra agus ionchas saoil an bhonneagair oiriúnach chun tacú le pleananna agus uailmhianta do sholáthar foghlama cumaisc agus iomlán ar líne, lena n-áirítear scála na gclár a thairiscint agus líon na bhfoghlaimoirí a bhfuiltear ag súil leo.
3.13	Tá deiseanna ar fáil chun uirlisí agus ardáin dhigiteacha nua teagaisc, foghlama agus measúnaithe a phíolótú agus a mheas.
3.14	Rinneadh tástáil ar iontaofacht agus slándáil aon uirlisí agus ardáin dhigiteacha nua atá á bpíolótú nó á gcur chun feidhme, agus deimhníodh go bhfuil tacaíocht theicniúil chuí agus pleananna teagmhasacha i bhfeidhm.
3.15	Socruithe idirthréimhseacha arna bhformheas ag an institiúid atá i bhfeidhm chun tacú le haon aistriú chuig bonneagar TF nua nó difriúil, ag cur san áireamh an gá atá le comhsheasmhacht a choinneáil leis an teicneolaíocht atá in úsáid ag foghlaimoirí faoi láthair.
3.16	Déantar na sonraí go léir atá sa chroí-bhonneagar TF, atá riachtanach do sholáthar clár foghlama cumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne, a thacú le rialtacht agus minicíocht atá leordhóthanach chun cailliúint agus cur isteach míréasúnta sonraí a sheachaint.
3.17	Tá bearta láidre cibearshlándála agus cosanta i bhfeidhm do gach bonneagar TF a úsáidtear chun tacú le cláir foghlama cumaisc agus/nó cláir foghlama iomlána ar líne. Forlíontar bearta teicniúla le hoiliúint rialta, agus le hoiliúint feasachta riosca.
3.18	Tá socruithe teagmhasacha i bhfeidhm i gcás teipeanna ardán TF, crua-earraí nó bogearraí, chun seirbhísí do chláir chumaisc agus/nó do chláir atá go hiomlán ar líne a athbhunú chomh tapa agus is féidir.
3.19	<p>Tá socruithe éifeachtacha institiúideacha i bhfeidhm chun dearbhú a thabhairt:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tugtar aghaidh ar shaincheisteanna ceadúnaithe ardáin do theicneolaíocht a úsáidtear i gcláir foghlama cumaisc agus/nó i gcláir atá go hiomlán ar líne, lena n-áirítear aon bhogearraí a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimoirí. Breathnaítear ar shaincheisteanna dlínse d'fhoghlaimoirí a fhaigheann rochtain ar chlár ó lasmuigh d'Éirinn. • lucht tacaíochta agus iad siúd a thacaíonn le teagasc, agus foghlaimoirí, mar is léir ón anailísíocht foghlama • Teagasc agus foghlaim a tharla, lena n-áirítear measúnú agus aiseolas agus meastóireacht foghlaimora ar an taithí foghlama cumaisc agus/nó do chláir atá go hiomlán ar líne ag leibhéal an mhodúil agus an chlár araon.
3.20	Tuigeann soláthraithe agus déanann siad iarracht tionchar comhshaoil na n-uirlisí agus na n-ardán digiteach a úsáideann siad do sholáthar foghlama cumaisc agus/nó sholáthar atá go hiomlán ar líne a íoslaghdú.

4. Oiliúint Foirne, Forás Gairmiúil, agus Tacaíocht Institiúideach	
Ráiteas Dea-chleachtas	Tá sé ríthábhachtach go mbeadh oiliúint ábhartha foirne agus forás gairmiúil ar fáil dóibh siúd a thacaíonn le teagasc, foghlaim agus measúnú agus a sholáthraíonn seirbhísí riaracháin agus tacaíochta do chlár chumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne.
Tacaítear le dea-chleachtas agus léirítear é trí:	4.1 Tá na straitéisí agus na próisis maidir le ceapadh, ionduchtú, oiliúint, forás gairmiúil, agus socruithe breithmheasa do mhúinteoirí agus d'fhoireann tacaíochta oiriúnach agus sainiúil do chomhthéacsanna foghlama cumaisc agus/nó foghlama atá go hiomlán ar líne.
	4.2 Tá cur chuige pleanáilte ann maidir le sainfhoireann a cheapadh (nó rochtain a fháil orthu) chun tacú le straitéis foghlama chumaisc agus/nó straitéis foghlama atá go hiomlán ar líne an tsoláthraí, lena n-áirítear daoine a bhfuil saineolas teagaisc, teicniúil agus gairmiúil acu atá oiriúnach chun teicneolaíochtaí digiteacha nua a lánpháirtí san eispéireas foghlama.
	4.3 Tá saineolas ábhair agus cáilíochtaí acadúla fós ina gcritéir thábhachtacha agus foireann nua á hearcú, ach áirítear leis na critéir sin, leis, inniúlachtaí a theastaíonn, mar shampla, chun clár a thacaíonn le foghlaim ar líne a dhearadh agus a éascú, mar aon le tuiscint ar na difríochtaí oideolaíocha idir modhanna staidéir.
	4.4 Tá sainaonad ag an soláthraí nó rochtain ar fhoireann thiomanta atá in ann oiliúint chuif ar líne nó ar an láthair agus deiseanna forbartha gairmiúla a dhearadh, a éascú agus a mheas chun scileanna digiteacha a fhorbairt agus an cumas chun clár foghlama cumaisc agus/nó clár foghlama ar líne ar ardchaighdeán a dhearadh.
	4.5 Glacann baill foirne atá ag gabháil do chlár theagaisc a fhaigheann tacaíocht ó theicneolaíochtaí digiteacha páirt in oiliúint chuif agus i bhforás gairmiúil agus bíonn fáil acu ar mheantóireacht ó chomhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu.
Clár atá go hiomlán ar líne	Maidir le clár foghlama atá go hiomlán ar líne, ní mór don fhoireann taithí roimhe seo ar theagasc ar líne a léiriú nó páirt a ghlacadh in ionduchtú, oiliúint agus forás gairmiúil cuif sula n-éascaíonn siad cúrsaí, agus beidh rochtain acu ar thacaíocht leanúnach ó chomhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu.
	4.6 Tá sainoiliúint agus forás gairmiúil ar fáil don fhoireann teagaisc agus do phearsanra tacaíochta eile maidir le saincheisteanna comhaimseartha a bhaineann le soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne, mar: <ul style="list-style-type: none"> • inrochtaineacht • ionracas acadúil / táirgí AI-ghinte • úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní oideachais oscailte • uirlisí digiteacha agus feidhmchláir bogearraí a úsáid le haghaidh forbairt ábhair, táirgeadh meán, físchomhdháil, insamhaltaí fóirúla, tástálacha leictreonacha etc.
	4.7 Tá oiliúint agus forás gairmiúil ar fáil don fhoireann a bhainistíonn príomh-bhonneagar a thacaíonn le clár chumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne
	4.8 Tá oiliúint ar fáil do gach ball foirne agus foghlaimeoir chun feasacht ar chibearshlándáil a mhéadú mar chuid de mhaolú riosca, agus ráiteas a thabhairt ar chríochnú agus ar mhonatóireacht ábhartha ar roghnú an chúrsa i dtrácht.
	4.9 Tá an fhoireann ar an eolas faoi dheiseanna oiliúna atá ar fáil agus faoi fhorás gairmiúil leanúnach a bhaineann le soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar foghlama atá go hiomlán ar líne. Coinnítear taifid rannpháirtíochta.

	4.11 Tá comhoibriú pleanáilte ann idir an fhoireann teagaisc agus pearsanra tacaíochta agus speisialtóireachta eile, ar nós dearthóirí foghlama, teicneolaithe oideachais, agus oifigigh léiriúcháin meán, agus cláir chumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne á ndearadh agus á bhforbairt acu.
	4.12 Tá pobail chleachtas ann ar líne nó ar an láthair chun úsáid oideolaíoch fóna agus nuálach na dteicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú a roinnt agus a chothú.
	4.13 Tá seirbhís deasc chabhrach, tacaíocht díreach in am agus oiliúint neamhfhoirmiúil ar fáil nuair a bhíonn cúnamh ag teastáil ón bhfoireann teagaisc agus ó phearsanra tacaíochta eile chun cláir chumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne a sholáthar.
	4.14 Tá samplaí de dhea-chleachtas mar aon le hacmhainní cuimsitheacha [ar líne] ar fáil chun tacú leis an bhfoireann teagaisc agus le pearsanra tacaíochta eile agus cláir chumaisc agus/nó cláir atá go hiomlán ar líne á soláthar acu.
	4.15 Is aitheantas iad dámhachtainí, critéir dhul chun cinn agus creataí cumais do scileanna digiteacha agus d'iarrachtaí chun an curaclam a athdhearadh agus modhanna teagaisc a fhorbairt trína mbaintear leas as féidearthachtaí na gclár cumaisc agus/nó na gclár atá go hiomlán ar líne.
	4.16 Tá deiseanna ann d'fhoireann na gclár chun tabhairt faoi thaighde ábhartha agus tionscadail bheaga nuálacha chun níos mó a fhoghlaim faoi dhea-chleachtas i gcláir chumaisc agus/nó i gcláir atá go hiomlán ar líne agus cur leis an tuiscint atá orthu.
	4.17 Tá deiseanna ann don fhoireann líonrú lasmuigh den soláthraí agus teagmháil a dhéanamh le forais ghairmiúla seachtracha agus le pobail a dhíríonn ar thacú le dea-chleachtas i soláthar na foghlama cumaisc agus/nó na foghlama atá go hiomlán ar líne (m.sh., Irish Learning Technology Association, ALT UK, EDEN Digital Learning Europe, European Digital Education Hub).

5. Socruithe Comhoibríthe agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Ráiteas Dea-chleachtas	Déantar comhoibríthe agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chuireann straitéis na hinstiúide maidir le soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne chun cinn a dhearbhu ó thaobh cáilíochta de ar bhealach atá comhsheasmhach le Croí-Threoirí QA Reachtúla QQI.
Tacaítear le dea-chleachtas agus léirítear é trí:	5.1 Aithnítear i socruithe do chomhoibriú nó do chomhpháirtíochtaí mar atá leagtha amach sna Croí-Threoirí Reachtúla DC aon rioscaí nó freagrachtaí breise atá le sonrú do sholáthraithe agus d'fhoghlaimoirí atá ag gabháil do chlár foghlama cumaisc agus/nó do chlár foghlama atá go hiomlán ar líne.
	5.2 I gcás ina bhfuil soláthraí ag brath ar sholáthraí eile, ar chomhoibrí, nó ar chuibhreannas comhpháirtithe chun codanna de chlár cumaisc agus/nó de chlár atá go hiomlán ar líne a sholáthar, tá freagracht an tsoláthraí sin as DC an chlár soiléir do gach páirtí, lena n-áirítear an fhoireann agus na foghlaimoirí.
	5.3 Tá comhaontuithe foirmeálta i scríbhinn i bhfeidhm leis an dara soláthraí, comhoibrítheoirí agus comhpháirtithe ina sonraítear go soiléir na costais, na cearta agus na freagrachtaí faoi seach, lena n-áirítear prótacail um chosaint sonraí dóibh siúd a phróiseálann sonraí, soláthar seirbhísí, gnásanna DC agus socruithe chun díospóidí a réiteach.

6. Foghlaimeoirí Lasmuigh d'Éirinn	
Ráiteas Dea-chleachtas	I gcás ina bhfuil cónaí ar foghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn ²³ , tá socruithe díchill chuí agus bainistíochta riosca láidir agus oiriúnach don fheidhm ann agus nuair is gá modhanna teagaisc, tacaíochtaí mac léinn agus seirbhísí riaracháin a chur in oiriúint don chomhthéacs áitiúil, leanann siad prionsabail an chothromais, na cothroime agus na coibhéise lena chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir torthaí foghlama an chláir a bhaint amach.
Tacaítear le dea-chleachtas agus léirítear é trí:	<p>6.1 Dírítear i gcritéir institiúideacha atá mar bhonn agus taca le forbairt clár nua ar líne cé acu an féidir le foghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn clárú nó nach féidir agus, más féidir, cé na tíortha ónar féidir.</p> <p>6.2 Sonraítear i gclár atá molta lena mbailíochtú ag foras cáiliúcháin na tíortha lasmuigh d'Éirinn ónar féidir foghlaimeoirí a chlárú.</p> <p>6.3 Tá socruithe cás gnó, díchill chuí agus bainistíochta riosca láidir agus oiriúnach don fheidhm i gcás ina ndírítear i gclár foghlama chumaisc agus/nó clár foghlama atá go hiomlán ar líne foghlaimeoirí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn a mhealladh.</p> <p>6.4 Breathnaítear ar inmharthanacht, inscálaitheacht agus inbhuanaitheacht na gclár foghlama cumaisc molta agus/nó na gclár atá go hiomlán ar líne molta a bhfuil sé mar aidhm acu foghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn a mhealladh agus cás gnó inmheánach á bhreithniú.</p>
	<p>6.5 I gcásanna gnó inmheánacha agus i bpróisis cheadaithe do chlár foghlama chumaisc agus/nó do chlár atá go hiomlán ar líne agus a bhfuil sé d'aidhm acu foghlaimeoirí ó lasmuigh d'Éirinn a mhealladh, dírítear ar aon cheanglais ábhartha dlí, reachtúla nó rialála atá i bhfeidhm, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cead do sholáthraithe eachtracha oibriú laistigh den dlínse áitiúil. • sainmhínte ar 'mhic léinn' a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an tsamhail seachadta agus ar shruthanna maoinithe. • Riachtanais iontrála víosa don tír ina múintear comhpháirt duine le duine an chláir. • aird chuí ar dhlí fostaíochta a d'fhéadfadh bac a chur ar an gcumas teagascóirí áitiúla a fhostú nó feidhmeanna tacaíochta eile a úsáid. • tá ceadúnais bogearraí nó acmhainní foghlama an tsoláthraí bailí sa dlínse áitiúil; nó tá socruithe eile i bhfeidhm. • aird chuí ar shuíomh na bhfreastalaithe lena chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais dhlínse Eorpacha agus/nó áitiúla. • aird chuí ar a chinntiú nach gcuirtear cearta maoine intleachtúla nó dlíthe cóipchirt sa dlínse áitiúil i gcontúirt. • aird chuí ar rialacháin a d'fhéadfadh cosc a chur le gearradh táill nó aistriú cistí lasmuigh den dlínse áitiúil. • aird chuí ar an dlí áitiúil nó ar ionchais maidir le cosaint tomhaltóirí a chosnaíonn leasanna foghlaimeoirí. • aird chuí ar rialacháin airgeadais áitiúla, saincheistanna cánachais agus rioscaí fíneálacha agus smachtbhannaí i gcás droch-sheachadadh seirbhíse • ceanglais maidir le creidiúnú nó aitheantas áitiúil ó fhorais reachtúla nó rialála, a fhéadfaidh a bheith ag leibhéal clár agus/nó institiúide. • aitheantas do cháilíochtaí gnóthaithe lena n-áirítear comhpháirt d'fhoghlaim ar líne sa dlínse áitiúil agus ionchais fostaíochta gaolmhara agus rioscaí do dheachlú. • freagrachtaí a bhaineann leis an gCód Cleachtas reatha agus ábhartha maidir le Clár Oideachais agus Oiliúna a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta

23 Chun críche na dtreoirí seo, tagraíonn 'lasmuigh d'Éirinn' do thíortha lasmuigh de Stát na hÉireann.

	<p>6.6 I gcásanna gnó inmheánacha agus i bpróisis cheadaithe do chláir foghlama chumaisc agus/nó do chláir atá go hiomlán ar líne agus a bhfuil sé d'aidhm acu foghlaimeoirí ó lasmuigh d'Éirinn a mhealladh, díreáir ar aon chean glais ábhartha dlí, reachtúla nó rialála atá i bhfeidhm, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • rochtain teoranta ar an Idirlíon mar gheall ar dhroch-bhonneagar áitiúil a d'fhéadfadh teorainn a chur le raon na n-eispéireas foghlama ar líne agus leibhéal idirghníomhaíochta ó mhúinteoirí agus rannpháirtíochta an fhoghlaimeora. • rochtain teoranta ar an Idirlíon mar gheall ar chinsireacht rialtais áitiúil nó bloic ó fhostóirí. • difríochtaí criosanna ama a d'fhéadfadh teorainn a chur le cumas daltaí eispéiris foghlama sioncronacha a bheith acu. • gnéithe cultúrtha a d'fhéadfadh bac a chur le hidirghníomhaíochtaí grúpa mar gheall ar chúrsaí inscne, creidimh agus cúinsí eile. • an cumas measúnuithe suimitheacha a dhéanamh a ndéantar prócadóireacht orthu ar líne nó go pearsanta ag ionad oiriúnach áitiúil
	<p>6.7 Córais seachadta a ndearnadh tástáil dhian orthu ina dtaispeántar go mbeidh eispéireas foghlama cumaisc ar ardchaighdeán agus/nó eispéireas foghlama atá go hiomlán ar líne ag foghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn, le rochtain ar acmhainní foghlama, tacaíochtaí mac léinn agus seirbhísí riaracháin atá comhionann leis na cinn atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí in Éirinn.</p>

4.2 COMHTHÉACS AN CHLÁIR

Díreáir sa roinn ar phríomh-shaincheisteanna agus príonsabail an dea-chleachtais maidir le freagracht an tsoláthraí as cáilíocht a chinntiú i ndearadh, forbairt, éascú, agus meastóireacht ar chláir chumaisc agus/nó ar chláir atá go hiomlán ar líne as a leanann dámhachtainí a chuirtear san áireamh laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Ní mór a chinntiú trí ghnásanna formheasa inmheánacha soláthraithe a thacaíonn le dearadh, le forbairt agus le héascú clár foghlama cumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne go ndéanann uaireanta teagmhála díreacha agus indíreacha a thairgtear trí mhodhanna múinteoireachta sioncronacha nó neamhshioncronacha, nó teaghlaim díobh, luach creidmheasa na modúl agus an chlár a léiriú.

Ba chóir go mbreithneofaí sa phróiseas deartha curaclaim struchtúr, comhleanúnachas agus seicheamhú clár ó thaobh an dearaidh is oiriúnaí chun go mbeidh foghlaimeoirí in ann na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach. Aithneofar trí dhearadh foghlaimeoir-lárnach trína léirítear príonsabail an dea-chleachtais na cineálacha foghlaimeoirí ar dócha go nglacfaidh siad páirt sa chlár agus glacfaidh siad cuir chuige foghlama gníomhach chun rannpháirtíocht mac léinn agus ardleibhéil idirghníomhaíochta idir múinteoirí agus foghlaimeoirí, agus piaraí a chur chun cinn.

Dearfar na straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe go sainráite don mhodh staidéir, don disciplín ábhair, agus do na torthaí foghlama clár atá beartaithe. Dá réir sin, ba chóir go mbeadh sé soiléir go bhfuil an clár bunaithe ar dhea-chleachtas i ndearadh soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne. Tá ról sainiúil agus ríthábhachtach ag cáilíocht na n-acmhainní foghlama, leis.

Ba cheart acmhainní digiteacha a roghnú chun ailíniú leis an leagan amach, an ábhar agus an measúnú a chinntiú agus chun foghlaimeoirí a mhealladh trí mheáin éagsúla, lena n-áirítear Acmhainní Oideachais Oscailte (OER). Ba chóir an t-am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as na hacmhainní foghlama a ríomh mar chuid den dearadh foghlama agus é a bheith i gcomhréir le luach na gcreidmheasanna. Ba chóir foghlaimeoirí a spreagadh freisin chun cuardach a dhéanamh

ar acmhainní breise a aimsíonn siad trí leabharlann ar líne an tsoláthraí agus/nó bunachair shonraí leictreonacha eile, iad a athbhreithniú go criticiúil agus leas a bhaint astu.

Mar an gcéanna, tá dearadh an mheasúnaithe ríthábhachtach chun na torthaí foghlama a bhaint amach agus tá ról lárnach aige i gcáilíocht iomlán eispéireas na bhfoghlaim. Cruthaíonn teicneolaíochtaí digiteacha deiseanna nua le haghaidh foirmeacha measúnaithe ar an bhfoghlaim atá níos barántúla agus níos comhoibríocha, agus is féidir iad a úsáid freisin chun aiseolas foirmitheach níos tráthúla agus níos cuidithigh a sholáthar. Dá bhrí sin, i gcás inar cuí, ba cheart go mbeadh comhtháthú cruthaitheach agus d’aon ghnó den teicneolaíocht dhigiteach le haghaidh measúnaithe agus aiseolais mar chuid de chlár foghlama dea-dheartha chumaisic agus/nó clár atá go hiomlán ar líne.

Agus aitheantas á thabhairt d’fhoghlaimoirí mar chomhpháirtithe tábhachtacha ina gcuid foghlama féin, ba chóir go mbeadh deiseanna rialta acu le linn an chlár chun cáilíocht a gcuid taithí a mheas. Ní mór dóibh siúd a bhfuil baint acu le clár foghlama chumaisic agus/nó clár atá go hiomlán ar líne a theagasc tabhairt faoi athbhreithnithe agus meastóireacht thimthriallach, mar a n-úsáidtear sonraí agus anailísíocht foghlama mar bhonn le feabhsuithe leanúnacha. Ba chóir go mbeadh cáilíocht an chlár soiléir ó rath an fhoghlaimora, sonraí meastóireachta na mac léinn, rátaí coinneála agus críochnaithe, sástacht fostóirí agus fianaise ar chinn scríbe na gcéimthe.

Leathnaíonn na táblaí seo a leanas na pointí seo i gcás sé réimse a bhaineann le leibhéal Comhthéacs an Chláir do sholáthar foghlama cumaisic agus do sholáthar foghlama atá go hiomlán ar líne.

COMHTHÉACS AN CHLÁIR	
Ráiteas Raon Feidhme	Dírítear i gComhthéacs an Chláir ar an gclár ina iomláine agus ar na próisis formheasta agus bailíochtaithe. Cibé an bhfuil leibhéal, fad, agus méid an chreidmheasa oiriúnach, an méid a fhreagraíonn torthaí foghlama do riachtanais athraitheacha oibre, tionscail nó pobail agus an modh staidéir atá oiriúnach don fheidhm. Socraíonn sé an bhfuil gnásanna cuí i bhfeidhm chun cloí le prionsabail an dea-chleachtais ó thaobh soláthar foghlama cumaisic agus/nó soláthar foghlama atá go hiomlán ar líne le comhleanúnachas foriomlán agus ailíniú cuiditheach idir na torthaí foghlama agus dearadh an churaclaim, lena n-áirítear na modhanna teagaisc, idirghníomhaíocht an fhoghlaimora, ábhair foghlama agus acmhainní, cleachtas measúnaithe agus aiseolais, agus straitéisí meastóireachta. Comhlánaítear sna treoirlínte seo na treoirlínte atá cheana sna Croí-Threoirlínte DC agus ní mór gnásanna a bhí ann cheana a oiriúnú seachas cinn nua a chur ina n-áit.
7. Torthaí Clár	
Ráiteas Dea-chleachtais	Tá an clár oiriúnach do chineál, leibhéal, fad, agus creidmheas na dámhachtana CNC, oireann sé do riachtanais athraitheacha oibre, tionscail nó pobail, agus tá an modh staidéir agus an seicheamhú oiriúnach don fheidhm ionas gur féidir le foghlaimoirí na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach go soiléir trí fhoghlaim chumaisic agus/nó fhoghlaim atá go hiomlán ar líne.
Tacaítear le dea-chleachtas agus léirítear é trí:	7.1 Comhlíonann an clár prionsabail/critéir an tsoláthraí maidir le hoiriúnacht don fhoghlaim chumaisic nó don fhoghlaim atá go hiomlán ar líne. (Tag. 1.2)
	<p>14.8 Áirítear in imeachtaí fáiltithe nó treoshuímh ag tús cláir faisnéis shoiléir agus acmhainní cabhracha maidir leis na cineálacha éagsúla tacaíochtaí acadúla, teicniúla agus eile atá ar fáil d'fhoghlaimoirí.</p>
	<p>14.9 Bíonn deiseanna ag foghlaimoirí páirt a ghlacadh i gclinicí buail isteach [ar líne] nó i seisiúin faisnéise mar</p> <ul style="list-style-type: none"> • chabhair chun iad a chur i dtairbhí ar an leabharlann agus a scileanna litearthachta faisnéise a fhorbairt. • chun taithí a thabhairt dóibh ar uirlisí agus ardáin dhigiteacha lánacha agus a litearthacht dhigiteach a fhorbairt. • chun a dtuiscint ar ionracas acadúil a fhorbairt.
	<p>14.10 Tá straitéisí agus táscairí luatha ann chun foghlaimoirí a d'fhéadfadh a bheith ag streachailt a aithint agus idirghabhálacha prasa atá oiriúnach don fheidhm ann chun tacú lena ndul chun cinn agus lena gcumas torthaí foghlama an chláir a bhaint amach.</p>
	<p>14.11 Déantar monatóireacht agus tuairisciú rialta ar úsáid agus ar éifeachtacht na seirbhísí tacaíochta foghlama agus forbartha, agus cuireann sonraí meastóireachta le feabhsuithe seirbhíse agus feabhsuithe leanúnacha, a chuirtear in iúl d'fhoghlaimoirí.</p>

15. Comhionannas Deiseanna	
Ráiteas Dea-chleachtas	Ag teacht le prionsabail foghlaimeoir-lárnacha, tugann cleachtas teagaisc, foghlama agus measúnaithe agus gníomhaíochtaí agus acmhainní gaolmhara deis chothrom, chothromasach agus réadúil do gach foghlaimeoir na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach — beag beann ar an mód staidéir.
Tacaítear le dea-chleachtas agus léirítear é trí:	<p>15.1 Bíonn deis chothrom, chothromasach agus réadúil ag gach foghlaimeoir na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach bunaithe ar phrionsabal na coibhéise.</p> <p>15.2 Bíonn deiseanna forbartha gairmiúla ag múinteoirí agus acu siúd a thacaíonn le teagasc faoin tslí le riosca a bhaineann le claontacht neamh-chomhfhiosach a mhaolú agus an curaclam a dhearadh, i mbun caidrimh le foghlaimeoirí, agus ag déanamh breithiúnais ar cháilíocht na hoibre measúnaithe.</p> <p>15.3 Déantar piar-mheasúnú ar an LMS/VLE agus ar na huirlisí digiteacha agus ar na hábhair foghlama agus ar na hacmhainní a bhaineann leo lena ndearbhú go ndearnadh gach iarracht iad a dhéanamh insroichte do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas agus a bhfuil sainriachtanais foghlama acu.</p> <p>15.4 Tá an timpeallacht foghlama ar líne sábháilte, le prótacail shainráite trína gcothaítear dínit, cúirtéis, agus meas in idirghníomhaíochtaí digiteacha idir múinteoirí agus foghlaimeoirí, le hógairacht i leith inscne, féiniúlachta, creideamh reiligiúnach, cultúrtha agus polaitiúla, nósanna an Phobail Dhúchasaigh agus an Lucht Siúil, agus cásanna daoine a d'fhéadfadh a bheith ina ndéanaithe nó ina n-iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta.</p> <p>15.5 Is féidir le foghlaimeoirí forainmneacha éagsúla inscne a thaispeáint gan eagla, imní ná aighneas sa timpeallacht foghlama ar líne agus iad i mbun cumarsáide le múinteoirí agus le comhfhoghlaiméirí.</p> <p>15.6 Tá modhnóirí ar líne atá oilte agus ainmnithe go cuí ann a thuigeann agus a bhfuil an t-údarás acu idirghabháil a dhéanamh agus obair leantach a dhéanamh i gcásanna de chibearbhulaíocht nó de chibearchiapadh de chineál ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith ina riosca d'fhoghlaiméirí, do mhúinteoirí agus/nó don soláthraí.</p> <p>15.7 Déantar bearta d'aon ghnó chun cabhrú le gach foghlaimeoir a fhreagracht a thuiscint tairbhe a bhaint go gníomhach as deiseanna foghlama ar líne a chuirtear ar fáil agus a n-eispéireas foghlama féin a mhúnlú agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaiméirí eile ag an am céanna.</p> <p>15.8 Ní chuireann uainiú gníomhaíochtaí sioncronacha beo srian ar fhoghlaiméirí atá ag obair nó ag staidéar lasmuigh d'Éirinn i gciosanna ama éagsúla ó bheith páirteach in eispéiris foghlama ar líne, agus tá prótacail shoiléire ann chun gníomhaíochtaí den sórt sin a thaifeadh agus leis na daoine atá i dteideal féachaint orthu a shocrú.</p> <p>15.9 Cuirtear beartas soiléir nó ionchas comhroinnte in iúl d'fhoghlaiméirí maidir le cé acu an gcaithfidh siad a bheith sofheicthe agus a gceamaráí orthu le linn gach cuid de ghníomhaíochtaí sioncronacha beo, le rialacha nó treoirlínite maidir le híomhánna cúlra inghlactha.</p> <p>15.10 Tacaítear le gach foghlaimeoir chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus a ngnóthachtáil féin trí dheiseanna rialta chun a gcuid eolais agus a dtuiscint a thástáil, machnamh a dhéanamh ar aiseolas agus dul i mbun comhphlé le múinteoirí agus lena bpiaraí.</p>

	<p>15.12 Tá prótacail chuí ann chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal na rannpháirtíochta ar líne i gcláir chumaisc agus/nó i gcláir atá go hiomlán ar líne agus straitéisí leantacha i gcásanna nuair nach gcomhlíonann láithreach nó leibhéal idirghníomhaíochta an mhúinteora na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo.</p>
	<p>15.13 Tá muinín ag foghlaimeoirí go ngníomhaítear ar aiseolas cuiditheach a chuirtear ar fáil le linn meastóireachtaí rialta ar a n-eispéireas foghlama cumaisc agus/nó eispéireas atá go hiomlán ar líne agus go gcuidíonn sé le feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh.</p>
	<p>15.14 Tá ionadaíocht tofa ag na mic léinn ag leibhéal an tsoláthraí agus an chláir araon. Téitear i gcomhairle leo go rialta agus beartais, gnásanna agus dea-chleachtais á mbunú chun cláir foghlama cumaisc agus/nó cláir foghlama atá go hiomlán ar líne a dhearadh.</p>
	<p>15.15 Déantar seirbhísí tacaíochta foghlama agus forbartha a chur chun cinn go gníomhach do na mic léinn mar ghrúpa iomlán, mar ghrúpaí nó d'aontas na mac léinn ar bhealaí cuí, agus déantar ionadaíocht orthu sa mhonatóireacht ar thionscnaimh den sórt sin, agus bíonn deiseanna acu chun dul i gcomhpháirtíocht leis an soláthraí, i gcás inarb infheidhme, chun seirbhísí ar leith a thairiscint, amhail forbairt scileanna digiteacha nó ionracas acadúil.</p>
	<p>15.16 Cuirtear réamheolas ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi dhátaí uasghrádaithe nó bristeacha pleanáilte ar an LMS/VLE agus ar uirlisí agus ardáin dhigiteacha eile, agus déantar breisiú agus obair chothabhála rialta a sceidealú d'aon ghnó chun aon chur isteach nó míbhuntáistí ar am staidéir a íoslaghdú.</p>

16. Eispéireas an fhoghlaimora agus na torthaí	
Ráiteas Dea-chleachtas	I gcomhréir le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chothú, léiríonn an soláthraí tiomantas d'eispéireas an fhoghlaimora a fheabhsú le tacaíocht ó fhianaise agus déanann sé a dhícheall rath ar mhic léinn, braistint láidir muintearais agus an cumas agus an mhuinín le bheith ina bhfoghlaimoirí éifeachtacha ar líne a chur chun cinn, ag cur le hionchais ghairme feabhsaithe agus le torthaí gairmiúla.
Tacaítear le dea-chleachtas agus léirítear é trí:	<p>16.1 Déantar bearta d'aon ghnó le linn an aistir foghlama chun rath an fhoghlaimora, braistint láidir muintearais leis an soláthraí, an clár staidéir, an disciplín ábhair gaolmhar, agus a gcumas agus a muinín mar fhoghlaimoir éifeachtach ar líne a chothú.</p> <p>16.2 Baintear leas as sonraí faoi dhul chun cinn, coinneáil agus críochnú i gcás cláir foghlama chumaisic agus/nó cláir atá go hiomlán ar líne, mar aon le sonraí gnóthachtála, mar bhonn eolais do mheastóireachtaí agus fónann siad chun aschuir agus cáilíocht an eispéiris foghlama a thagarmharcáil i gcomparáid le tairiscintí eile.</p> <p>16.3 Bailítear aiseolas ó fhoghlaimoirí mar chuid de thimthriall rialta meastóireachta agus tá meicníocht ann chun na torthaí a thagarmharcáil le cláir chumaisic eile agus/nó cláir atá go hiomlán ar líne chun a bhfeidhmíocht a mheasúnú agus chun pleananna gníomhaíochta a fhorbairt le haghaidh feabhsuithe leanúnacha.</p> <p>16.4 Nuair is cuí, roinntear torthaí comhiomlána na meastóireachtaí ar fud an chláir le foghlaimoirí agus le páirtithe leasmhara seachtracha sa tionscal agus sa phobal mar chabhair chun aon phríomhthreochtaí nó réimsí imní a bhailíochtú agus chun muinín a thabhairt go gcuireann an iarracht a dhéantar chun sonraí den sórt sin a sholáthar le hidirphlé bríoch agus le feabhsuithe leanúnacha.</p> <p>16.5 Tá foghlaimoirí go hiomlán ar an eolas faoi na gnásanna chun gearáin a dhéanamh nuair a bhíonn siad míshásta le gné éigin dá n-eispéireas foghlama cumaisic agus/nó eispéiris atá go hiomlán ar líne. Déantar gach iarracht gearáin den sórt sin a réiteach chomh tapa agus is féidir.</p> <p>16.6 Bíonn deiseanna ag foghlaimoirí a chríochnaíonn clár foghlama cumaisic agus/nó clár foghlama atá go hiomlán ar líne páirt a ghlacadh i suirbhéanna ar cheann scríbe céimithe nó suirbhéanna infhostaitheachta mar chabhair le measúnú a dhéanamh ar a thionchar ar a bhforbairt agus ar a mbealach gairme.</p> <p>16.7 Tugtar cuireadh do pháirtithe leasmhara tionscail agus pobail a fhostaíonn foghlaimoirí a chríochnaíonn cláir chumaisic agus/nó cláir atá go hiomlán ar líne aiseolas a sholáthar mar chuid de mheastóireachtaí ar a n-éifeachtúlacht mar mhodh seachadta.</p> <p>16.8 Tá an soláthraí tiomanta do thacú le taighde ar an gclár chun cultúr scoláireachta a thógáil, an méid a oibríonn agus an fáth a n-oibríonn sé a dhoiciméadú, agus cur go ginearálta le feabhsuithe leanúnacha i ndearadh soláthar foghlama cumaisic agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne.</p>

ROINN 3: CUR I BHFEIDHM

5 NA TREOIRLÍNTE Á GCUR I BHFEIDHM

Soláthraíonn na treoirlínte seo creat DC d'fhorbairt agus do sheachadadh clár foghlama cumaisc agus/nó clár foghlama atá go hiomlán ar líne. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbainfidh na treoirlínte aonair go léir le gach cineál soláthraí toisc go mbraitheann sé seo ar roinnt gnéithe, lena n-áirítear a méid, an leibhéal cáilíochta, líon na bhfoghlaimeoirí, an comhthéacs oideachais, agus na pleananna agus na huaimhianta atá acu le haghaidh forbairtí amach anseo.

Léiríonn an roinn seo conas is féidir le soláthraithe na treoirlínte seo a úsáid i gcomhthéacs na gceanglas maidir le ceadú agus bailíochtú clár. Tugann sé treoir phraiticiúil freisin maidir le conas a d'fhéadfadh soláthraithe na treoirlínte seo a úsáid chun féinmheasúnú a dhéanamh ar a leibhéal reatha ullmhachta chun clár foghlama chumaisc agus clár foghlama atá go hiomlán ar líne a thairiscint, lena n-aithnítear dea-chleachtas agus deiseanna chun cleachtas a neartú.

5.1 CÉN ÚSÁID IS FÉIDIR LE SOLÁTHRAITHE A BHAINN AS NA TREOIRLÍNTE SEO?

Forbraíodh na treoirlínte DC seo a bhaineann go sonrach le topaicí mar acmhainn chun treoir a thabhairt do sholáthraí oideachais agus oiliúna in Éirinn atá ag iarraidh deiseanna foghlama cumaisc agus deiseanna foghlama atá go hiomlán ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a thairiscint. I bhfianaise forbairtí gasta agus síor-athraitheacha ar theicneolaíochtaí digiteacha agus ar líne agus na tairbhí féideartha a chuireann siad ar fáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú, soláthraíonn na treoirlínte treo taistil seachas sainorduithe saintreoracha. Tá gá le breithniú cúramach a dhéanamh ar sholáthar foghlama ar ardchaighdeán agus ar sholáthar foghlama atá go hiomlán ar líne, infheistíocht shuntasach i bhforbairt acmhainní agus aird chuí ar na cúinsí agus na comhthéacsanna uathúla ina gcuirtear ar fáil é. Ar an gcúis seo, spreagtar soláthraithe chun na hábhair DC is ábhartha dá suíomh a shainathint agus díriú ar ghnásanna agus réitigh shaincheaptha a fhorbairt a bhaineann go sonrach lena gcomhthéacs.

5.2 CONAS A BHFÉADFADH SOLÁTHRAITHE DIFRIÚLA ÚSÁID A BHAINN AS NA TREOIRLÍNTE SEO?

Ba cheart breathnú ar na treoirlínte seo mar threoirlínte forlíontacha, déanann siad mionléiriú ar go leor de na réimsí atá ann faoi láthair a chumhdaítear sna Croí-Threoirlínte DC, a ndírítear orthu cheana i ngnásanna inmheánacha DC na soláthraithe ábhartha. Tá stádas reachtúil agus cur i bhfeidhm na dtreoirlínte seo leagtha amach i gCuid 1.3.

Soláthraithe a thairgeann Dámhachtainí QQI

Soláthraithe a bhfuil sé ar intinn acu cláir chumaisc nó cláir atá go hiomlán ar líne a thairiscint as a leanfaidh dámhachtainí QQI don chéad uair, beidh orthu ceadú a fháil dá ngnásanna DC ar dtús báire agus ansin cur i bhfeidhm na dtreoirlínte a léiriú mar chuid d'iarratas ar bhailíochtú. I gcás ina bhfuil faomhadh QQI cheana féin ag soláthraí chun cláir chumaisc a thairiscint agus ar mian leo cláir atá go hiomlán ar líne a thairiscint, beifear ag súil go ndéanfaidh siad athbhreithniú agus nuashonrú ar a ngnásanna DC reatha. Teastóidh faomhadh QQI do ghnásanna nuashonraithe maidir le cláir atá go hiomlán ar líne.

Soláthraithe Eile

Beifear ag súil go ndéanfaidh soláthraithe eile na treoirlínte seo a chomhtháthú lena ngnásanna DC inmheánacha reatha de réir mar is cuí agus faoi réir a gcuid socruithe inmheánacha rialachais féin ar DC. Féadfaidh ollscoileanna agus institiúidí ardoideachais eile an deis a thapú chun na treoirlínte seo a úsáid i gcomhthéacs a dtiomantas leanúnach do na Caighdeáin Eorpacha um Dhearbhu Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (An Cumann Eorpach um Dhearbhu Cáilíochta san Ardoideachas et al., 2015) a léiriú.

Féadfaidh Institiúidí Ardoideachais leas a bhaint as na treoirlínte chun tabhairt faoi athbhreithniú timthriallach agus féinmheasúnú ar fud na hinstiúide ar a soláthar cumaisc agus a soláthar ar líne chun feabhsú cáilíochta, tagarmharcáil le soláthraithe eile agus pleanáil d'fhorbairtí amach anseo a chur chun cinn.

5.3 CONAS IS FÉIDIR LE SOLÁTHRAITHE FIANAISE AR A NDEA-CHLEACHTAS A DHOICIMÉADÚ?

Braitheann freagra na ceiste thuas ar an gcineál DC atá ar siúl ag soláthraithe cheana féin agus an gaol idir na treoirlínte agus na gnásanna atá i bhfeidhm cheana féin. Chun an pointe seo a admháil, taispeántar sna ráitis raon feidhme agus dea-chleachtais an tslí ar mó an t-iomlán ná suim na gcodanna aonair. Tá sé i gceist go soláthróidh na 16 Ráiteas Dea-Chleachtais pointe frámaíochta tagartha a chabhróidh le soláthraithe freagairt do na treoirlínte ar bhealach níos iomlánaíche, ar aon dul le cur chuige comhaimseartha i leith DC ina ndírítear ar chultúr d'fheabhsú leanúnach a fhorbairt. Cabhróidh siad le soláthraithe an pictiúr níos mó a fheiceáil, go háirithe nuair a d'fhéadfadh sé nach mbainfidh cuid de na táscairí cáilíochta sonracha leo.

Cé go bhfuil roinnt roghanna ag soláthraithe maidir le conas a léireoidh siad go bhfuil a ngnásanna DC oiriúnach don fheidhm i gcás soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne, cuirtear teimpléid shamplacha ar fáil in Aguisín 6.2 ina spreagtar bailiú insintí agus uimhreacha mar fhreagairt ar na treoirlínte. Seans gur mhaith le soláthraithe na teimpléid seo a oiriúnú agus an creat 'ag teacht chun cinn', 'ag forbairt' agus 'aibí' a úsáid mar chabhair chun ceanglais tuairiscithe QQI nó ceanglais tuairiscithe eile a shásamh. Is é an pointe is tábhachtaí do sholáthraithe ná nár cheart díriú ar an leibhéal aibíochta féin, ach a chinntiú go bhfuil pleananna soiléire i bhfeidhm, nuair is gá, chun díriú ar bhearnaí agus chun tacú le pleananna agus forbairtí leanúnacha i soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne.

AGUISÍNÍ

CONAS AR CUIREADH NA TREOIRLÍNTE I DTOLL A CHÉILE?

Cuireadh na treoirlínte seo i dtoll a chéile trí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an litríocht chomhaimseartha. Chuir roinnt foilseachán cinntitheach bonn faoi do na treoirlínte, lena n-áirítear mór-mheitea-anailís ar an litríocht cháilíochta maidir le foghlaim ar líne (Singh & Thurman, 2019)³⁴ agus athbhreithniú idirnáisiúnta ar chreataí DC, uirlisí tagarmharcála agus táscairí don ardoideachas digiteach a rinne an OECD (Staring et al., 2022)³⁵. Bhí athbhreithniú criticiúil ar 20 creat féinmheasúnaithe institiúideach éagsúla arna gcur i gcrích ag Comhlachas na nOllscoileanna Eorpacha (Volungevičienė et al., 2021)³⁶ mar aon le hanailís chuimsitheach ar chórais DC san Eoraip le haghaidh ardoideachas digiteach mar bhonn eolais leis na treoirlínte, leis (Ubach & Henderik, 2023)³⁷. Ina theannta sin, bunaíodh na treoirlínte ar roinnt tionscnamh den chineál céanna a bhí ar bun nó arna bhfoilsíú ag gníomhaireachtaí DC náisiúnta eile.

Is tábhachtaí fós go léiríonn an leagan deiridh de na treoirlínte ionchur agus aiseolas luachmhar a bailíodh trí roinnt céimeanna comhairliúcháin. Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán seo le ceithre sheisiún éisteachta ar líne a bhí oscailte do sholáthraithe, d'oidreachasóirí agus d'fhoghlaimoirí Éireannacha. Tharla na seisiúin seo i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2022. Rinne an croífhóireann ón Institiúid Náisiúnta um Fhoghlaim Dhigiteach (NIDL) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), conradh chun oibriú le QQI chun na treoirlínte a chur i dtoll a chéile, agus tháinig siad le chéile sa tréimhse seo le roinnt grúpaí agus soláthraithe aonair ar iarratas, áit a raibh údair inní ar leith orthu. Mar a léiríonn an néal focal a chuirtear i láthair i bhFíor 1, aithníodh sa chuid seo den phróiseas comhairliúcháin raon éagsúil d'ábhair spéise cáilíochta, agus bhí dúshlán an tsainmhíneithe agus Measúnú, Inrochtaineacht agus Tacaíocht agus Forbairt Foghlaimeora mar phríomhcheisteanna. Tugtar aird ar leith ar na saincheisteanna seo ar fud na dtreoirlínte.

34 Singh, V., & Thurman, A. (2019). How many ways can we define online learning? A systematic literature review of definitions of online learning (1988-2018). *American Journal of Distance Education*, 33(4), 289–306. DOI: 10.1080/08923647.2018.1417658

35 Staring, F., Brown, M., Bacsich, P., & Ifenthaler, D. (2022). Digital higher education: Emerging quality standards, practices and supports, OECD Education Working Papers, No. 281, OECD Publishing, Paris. <https://doi.org/10.1787/f622f257-en>

36 Volungevičienė, A., Brown, M., Greenspon, R., Gaebel, M., & Morrisroe, A. (2021). Developing a high-performance digital education system: Institutional self-assessment instruments. European University Association, Brussels. [https://eua.eu/downloads/publications/digi-he%20 desk%20 research%20report.pdf](https://eua.eu/downloads/publications/digi-he%20desk%20research%20report.pdf)

37 Ubachs, G., & Henderikx, P. (2023). Quality assurance systems for digital higher education in Europe. In: Zawacki-Richter, O., Jung, I. (eds), *Handbook of Open, Distance and Digital Education*. Springer, Singapore. https://doi.org/10.1007/978-981-19-2080-6_41



Fíor 1. Aiseolas le linn seisiúin éisteachta comhairliúcháin le páirtithe leasmhara

Le linn chéim forbartha na dtreoirlínte, tugadh roinnt cur i láthair comhdhála chun dul chun cinn a chomhroinnt, táscairí cáilíochta a bhailíochtú agus aiseolas a lorg ón earnáil, lena n-áirítear páipéir ag *Comhdháil na hÉireann um Rannpháirtíocht na hOideolaíochta*³⁸ i mí na Nollag 2022, Comhdháil Gheimhridh EdTech Eanáir 2023³⁹ arna óstáil ag Cumann Teicneolaíochta Foghlama na hÉireann (ILTA) agus *Comhdháil Bhliantúil Foghlaim Dhigiteach EDEN na hEorpa*⁴⁰ i Meitheamh 2023.

Chuir foireann stiúirthóireacht QQI aiseolas ar fáil freisin ar dhá dhréachtleagan de na treoirlínte, as ar tháinig leasuithe iomadúla, lena n-áirítear na treoirlínte a athfhrámú ar choincheap níos comhaimseartha an Oideachais Dhigitigh agus cinneadh ina dhiaidh sin tar éis aiseolais ó gach cuid den earnáil díriú an athuir ar chlár foghlama cumaisc agus/nó clár foghlama atá go hiomlán ar líne.

I mí an Mhárta 2023, bhreithnigh Coiste Beartas agus Caighdeán QQI páipéar bán ina raibh an dara leagan de na treoirlínte sular ceadaíodh iad lena gcomhroinnt leis an earnáil mar chuid den dara babhta comhairliúcháin. Bailíodh aiseolas ar an leagan seo de na treoirlínte trí shuirbhé ar líne thar thrí mhí, agus fuarthas 60 freagra ó rogha mhaith soláthraithe agus páirtithe leasmhara.


Ar an iomlán, bhí an t-aiseolas a bailíodh tríd an suirbhé dearfach, mar a léirítear i bhFíor 2. Ba chabhair é an anailís mhionsonraithe ar an aiseolas cáilíochtúil le roinnt saincheisteanna a aithint, as ar tháinig leasuithe suntasacha ar na treoirlínte.

38 Brown, M., Costello, E., & Girmé, P. (2022). The quality challenge of digital education: Enabling [tertiary] education providers to make it work. Paper at Irish Conference on Engaging Pedagogy, Dublin, 8th December.

39 Brown, M., Costello, E., & Girmé, P. (2023). The quality challenge of digital higher education: How are institutions and national QA agencies responding? Presentation at EdTech Winter Conference, Irish Learning Technology Association, Dublin 27th January.

40 Brown, M., Costello, E., & Girmé, P. (2023). Quality is like a box of chocolates: Developing National QA guidelines for digital education. Paper presented at EDEN Digital Learning Europe Annual Conference, Dublin, 19th June.

12. Rátáil a úsáidí atá sé an treoir a chur i láthair mar ráitis dea-chleachtais i ngach réimse. Ba cheart an t-úsáideachas a mheas i gcomhthéacs soláthraithe a threorú i ndearadh / feabhsú a ngnásanna DC. Is féidir leat aiseolas ar leith a chur sna boscaí téacs más gá.



Fíor 2. Sampla de fhreagraí ar an suirbhé comhairliúcháin

CONAS A DTUAIRISCEOIDH SOLÁTHRAITHE AR NA TREOIRLÍNTE?

Soláthraíonn na samplaí seo a leanas teimpléid tháscacha a d'fhéadfadh soláthraithe a úsáid nó a oiriúnú agus iad ag tuairisciú ar *Threoirlínte Reactúla QQI um Dhearbhu Cáilíochta do Sholáthraithe Cláir Foghlama Cumaisc agus/nó Cláir Foghlama atá go hIomlán Ar Líne*. Go hintinneach, staonann na teimpléid ó thábhacht choibhneasta gach réimse nó táscaire dea-chleachtais a léiriú mar go mbraitheann na hualuithe nó an tábhacht go mór ar chomhthéacs an tsoláthraí. Go deimhin, is cuid thábhachtach den 'chomhrá cáilíochta' iad na réimsí agus na táscairí is infheidhme a shainnithint do sholáthraí aonair agus d'fhorbairt próisis DC atá oiriúnach don fheidhm.

Chun cabhrú leis an bpróiseas seo, áfach, moltar do sholáthraithe a bhreithniú cibé an bhfuil a soláthar foghlama cumaisc agus/nó a soláthar atá go hIomlán ar líne faoi gach comhthéacs ag an leibhéal 'ag teacht chun cinn', 'ag forbairt' nó 'aibí'. Cé nach bhfuil na leibhéil seo sainmhínithe go beacht, léiríonn siad aibíocht ghinearálta nó dul chun cinn forbartha faoi gach comhthéacs agus réimse gaolmhar. Mar a dúradh cheana, caithfidh gach soláthraí déanamh de réir na dtreoirlínte agus freagairt ar bhealach a oireann dá gcomhthéacs, ach d'fhéadfadh na cúig chéim atá leagtha amach i bhFíor 3 a bheith ina gcuidiú chun an próiseas seo a threorú.

**Tuairisciú ar na Treoirlínte
Céimeanna le Cur san Áireamh**

CÉIM 1	CÉIM 2	CÉIM 3	CÉIM 4	CÉIM 5
Táscairí Dea-chleachtais a Athbhreithniú	Fianaise a Bhailiú agus a Dhoiciméadú	An Leibhéal Aibíochta a Fhéinmheas	Tuarascáil Scríofa a Ullmhú	Tuarascálacha a Chur Isteach chuig QQI
Tosaigh trí na réimsí agus na táirscairí dea-chleachtais ar leith is mó a bhaineann le do chomhthéacs oideachais faoi na trí leibhéal a shainaithint.	Tabhair faoi fhianaise a bhailiú agus a dhoiciméadú mar fhreagairt ar na táirscairí dea-chleachtais is mó feidhme faoi gach leibhéal agus réimse.	Socraigh an leibhéal forbartha faoi gach ceann de na leibhéil agus na réimsí agus an tslí a gcuireann sé le haibíocht iomlán na timpeallachta DC.	Ceap dréacht-tuarascáil faoin tslí a sásaíonn tú, mar Sholáthraí, na táirscairí dea-chleachtais is mó feidhme nó cibé an bhfuil pleananna forbartha faoi lán seoil agat.	Tar éis piar-athbhreithniú agus ceadú inmheánach, seol do thuarascáil agus aon doiciméid ábhartha chuig QQI agus freagair aiseolas agus athbhreithnitheigh próisis DC, más gá.

Fíor 3. Príomhchéimeanna chun úsáid a bhaint as na treoirlínte

TEIMPLÉID SHAMPLACHA CHUN TUAIRISCIÚ AR NA TREOIRLÍNTE

AN COMHTHÉACS EAGRAÍOCHTÚIL

Ráiteas Raon Feidhme	Dírítear sa Chomhthéacs Eagrúcháin ar ghnéithe straitéiseacha agus ar ghnéithe uile-institiúide den bhainistiú cáilíochta do chlár a fhaigheann tacaíocht ó sholáthar cumaisc agus ó sholáthar atá go hiomlán ar líne. Socraítear ann cibé an bhfuil na gnásanna cuí i bhfeidhm maidir le straitéis, beartais, rialacháin agus próisis riaracháin, airgeadas, bonneagar, acmhainní, oiliúint agus forás gairmiúil, tacaíocht institiúideach, comhoibriú straitéiseach, agus comhpháirtíochtaí, agus díritear ann ar fhadhbanna a bhíonn ag foghlaimoírí atá ag staidéar lasmuigh d’Éirinn.
1. Pleananna Straitéise, Bainistíochta agus Feidhmithe	
Ráiteas Dea-chleachtais	Bunaítear fíis shoiléir, straitéis shoiléir, agus pleananna bainistíochta dea-fhorbartha chun tacú le tionscnamh, forbairt, soláthar, athbhreithniú agus cothabháil clár cumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne.
Fianaise an tSoláthraí	
2. Beartais, Rialacháin, agus Próisis Riaracháin	
Ráiteas Dea-chleachtais	Dírítear i sraith shoiléir beartais, rialachán agus próiseas riaracháin atá oiriúnach don fheidhm ar dhea-chleachtas maidir le soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne, agus déanann siad é a chumasú agus a thacú.
Fianaise an tSoláthraí	
3. Airgeadas, Bonneagar agus Acmhainní	
Ráiteas Dea-chleachtais	Méadaíonn leibhéal na hinfeistíochta airgeadais, an cineál bonneagair TF agus na hacmhainní atá ar fáil an acmhainn atá ann agus cumasaíonn siad dea-chleachtas do sholáthar foghlama cumaisc agus/nó do sholáthar foghlama atá go hiomlán ar líne.
Fianaise an tSoláthraí	

4. Oiliúint Foirne, Forás Gairmiúil, agus Tacaíocht Institiúideach

Ráiteas Dea-chleachtais	Tá sé ríthábhachtach go mbeadh oiliúint ábhartha foirne agus forás gairmiúil ar fáil dóibh siúd a thacaíonn le teagasc, foghlaim agus measúnú agus a sholáthraíonn seirbhísí riaracháin agus tacaíochta do chlár chumaisc agus/nó clár atá go hiomlán ar líne.
Fianaise an tSoláthraí	

5. Socruithe Comhoibrithe agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Ráiteas Dea-chleachtais	Déantar socruithe comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chuireann straitéis na hinstiúide maidir le soláthar foghlama cumaiscthe agus/nó go hiomlán ar líne chun cinn a dhearbhú ó thaobh cáilíochta de ar bhealach atá comhsheasmhach le Croí-Threoirí QA Reactúla QQI.
Fianaise an tSoláthraí	

6. Foghlaimeoirí Taobh Amuigh d'Éirinn

Ráiteas Dea-chleachtais	I gcás ina bhfuil cónaí ar fhoghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn, tá socruithe díchill chuí agus bainistíochta riosca láidir agus oiriúnach don fheidhm ann agus nuair is gá modhanna teagaisc, tacaíochtaí mac léinn agus seirbhísí riaracháin a chur in oiriúint don chomhthéacs áitiúil, leanann siad prionsabail an chothromais, na cothroime agus na coibhéise lena chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir torthaí foghlama an chlár a bhaint amach.
Fianaise an tSoláthraí	

FÉINMHEASÚNÚ FORIOMLÁN DON CHOMHTHÉACS EAGRAÍOCHTÚIL

Ag teacht chun cinn	Ag forbairt	Aibí
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>

COMHTHÉACS AN CHLÁIR	
Ráiteas Raon Feidhme	Dírítear i gComhthéacs an Chláir ar an gclár ina iomláine agus ar na próisis formheasta agus bailíochtaithe. Cibé an bhfuil leibhéal, fad, agus méid an chreidmheasa oiriúnach, an méid a fhreagraíonn torthaí foghlama do riachtanais athraitheacha oibre, tionscail nó pobail agus an modh staidéir atá oiriúnach don fheidhm. Socraíonn sé an bhfuil gnásanna cuí i bhfeidhm chun prionsabail an dea-chleachtais a leanúint maidir le soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne le comhleanúnachas foriomlán agus ailíniú cuiditheach idir na torthaí foghlama agus dearadh an churaclaim, lena n-áirítear modhanna teagaisc, idirghníomhaíocht foghlaimeoirí, ábhair foghlama agus acmhainní, cleachtas measúnaithe agus aiseolais, agus straitéisí meastóireachta.
7. Torthaí an Chláir	
Ráiteas Dea-chleachtas	Tá an clár oiriúnach do chineál, leibhéal, fad, agus creidmheas na dámhachtana CNC, oireann sé do riachtanais athraitheacha oibre, tionscail nó pobail, agus tá an modh staidéir agus an seicheamhú oiriúnach don fheidhm ionas gur féidir le foghlaimeoirí na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach go soiléir trí fhoghlaim chumaisc agus/nó fhoghlaim atá go hiomlán ar líne.
Fianaise an tSoláthraí	
8. Próisis Formheasta agus Bailíochtaithe	
Ráiteas Dea-chleachtas	Comhlíonann cláir chumaisc agus/nó cláir atá go hiomlán ar líne a chuirtear i láthair le haghaidh próisis fhorheasta agus bhailíochtaithe critéir ghinearálta agus léiríonn siad freisin gur breithníodh agus gur díródh iontu ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an mód.
Fianaise an tSoláthraí	
9. Foghlaim agus Dearadh Curaclaim	
Ráiteas Dea-chleachtas	Leanann na curaclaim do chláir foghlama chumaisc agus/nó do chláir atá go hiomlán ar líne prionsabail foghlaimeoir-lárnacha agus tuiscint ar dhea-chleachtas atá bunaithe ar mhúnla sainráite deartha foghlama a thacaíonn le hailíniú cuiditheach leis na torthaí foghlama beartaithe, agus breithníú a bhfuil cuspóir leis ar na modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe is oiriúnaí agus is oiriúnaí don fheidhm, agus uirlisí agus ardáin dhigiteacha, chun tacú le leibhéal arda idirghníomhaíochta idir foghlaimeoirí agus an timpeallacht foghlama.
Fianaise an tSoláthraí	
10. Acmhainní agus Ábhair Foghlama	
Ráiteas Dea-chleachtas	Tá áiseanna táirgthe meán agus uirlisí digiteacha dea-fheistithe agus tacaíthe ar fáil chun éagsúlacht ábhar agus acmhainní foghlama atá oiriúnach don fheidhm a fhorbairt ²⁵ agus tá treoir chúil maidir lena n-úsáid éifeachtach, lena n-áirítear acmhainní oideachais oscailte (OER), bunaithe ar phrionsabail na hinrochtaineachta agus na hionadaíochta ²⁶ , atá lánach don dea-chleachtas maidir le soláthar foghlama cumaisc agus/nó soláthar atá go hiomlán ar líne.
Fianaise an tSoláthraí	

11. Cleachtais Mheasúnaithe agus Aiseolais

Ráiteas Dea-chleachtais	Léiríonn cleachtais mheasúnaithe agus aiseolais i gcláir foghlama chumaisic agus/nó i gcláir atá go hiomlán ar líne prionsabail an Mheasúnaithe AR/DON/MAR Fhoghlaim ²⁹ agus bíonn tascanna éagsúla den mheasúnú foirmitheach agus den mheasúnú suimitheach i gceist leo ³⁰ , a léiríonn dea-chleachtas san ionracas acadúil ³¹ agus a chomhtháthaíonn, nuair is cuí, acmhainneachtaí uirlisí agus ardán digiteach chun foghlaimeoirí a chumasú chun na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach.
-------------------------	--

Fianaise an tSoláthraí	
------------------------	--

12. Meastóireacht agus Feabhsú Leanúnach

Ráiteas Dea-chleachtais	Tá straitéisí meastóireachta agus feabhsúcháin leanúnaí do chlár foghlama chumaisic agus/nó clár atá go hiomlán ar líne córasach agus timthriallach, ag tarraingt ar shonraí ó fhoinse iolracha, le fianaise shoiléir ar an gcaoi a gcuireann siad bonn eolais faoi ghníomhartha agus pleananna forbartha amach anseo chun cáilíocht an churaclaim a fheabhsú chun rannpháirtíocht, idirghníomhaíocht agus rathúlacht foghlaimeoirí a mhéadú.
-------------------------	---

Fianaise an tSoláthraí	
------------------------	--

FÉINMHEASÚNÚ FORIOMLÁN DO CHOMHTHÉACS AN CHLÁIR

Ag teacht chun cinn	Ag forbairt	Aibí
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>

COMHTHÉACS EISPÉIREAS AN FHOGHLAIMEORA

Ráiteas Raon Feidhme	Dírítear i gComhthéacs Eispéireas an Fhoghlaimeora ar an bhfoghlaimeoir, a roghanna, agus cibé an bhfuil na seirbhísí tacaíochta agus forbartha agus na hacmhainní digiteacha gaolmhara atá deartha chun ardleibhéal rannpháirtíochta, rathúlachta agus folláine an fhoghlaimeora a chur chun cinn oiriúnach don fheidhm. Socraítear ann cibé an bhfuil gnásanna i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí ar an eolas go leordhóthanach faoin gclár agus go bhfuil siad feasach ar na seirbhísí tacaíochta agus forbartha foghlama ar líne agus as líne atá ar fáil dóibh, le fócas ar leith ar thacú le hullmhacht don staidéar, comhionannas deiseanna agus torthaí dearfacha d'fhoghlaimeoirí bunaithe ar phrionsabail dea-chleachtais foghlaimeoir-lárnacha maidir le soláthar foghlama cumaisic agus/nó soláthar foghlama atá go hiomlán ar líne.
----------------------	--

13. Ag Smaoineamh ar Staidéar

Ráiteas Dea-chleachtais	Tá an t-eolas cuí ag foghlaimeoirí ionchasacha chun roghanna eolacha a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil clár staidéir ar leith is fearr a oireann dóibh, i bhfianaise na gcoinníollacha agus a gcúinsí pearsanta agus iad ag smaoineamh ar chlár foghlama cumaisic agus/nó ar chlár atá go hiomlán ar líne.
-------------------------	--

Fianaise an tSoláthraí	
------------------------	--

14. Tacaíocht agus Forbairt Foghlama

Ráiteas Dea-chleachtais	I gcomhréir le prionsabail na coibhéise agus seirbhísí digiteacha más féidir, tá seirbhísí tacaíochta agus forbartha foghlama digiteacha, dea-mhaoinithe agus oiriúnacha don fheidhm agus acmhainní gaolmhara ar fáil do gach foghlaimeoir. Tuigeann siad go hiomlán cad is féidir leo a rochtain, ar líne agus as líne araon, agus úsáideann siad go héifeachtach iad nuair is gá chun tacú lena bhfolláine, lena seansanna ratha agus lena gcumas torthaí foghlama an chlár a bhaint amach.
Fianaise an tSoláthraí	

15. Comhionannas Deiseanna

Ráiteas Dea-chleachtais	Ag teacht le prionsabail foghlaimeoir-lárnacha, tugann cleachtas teagaisc, foghlama agus measúnaithe agus gníomhaíochtaí agus acmhainní gaolmhara deis chothrom, chothromasach agus réadúil do gach foghlaimeoir na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach — beag beann ar an modh staidéir.
Fianaise an tSoláthraí	

16. Eispéireas an Fhoghlaimeora agus na Torthaí

Ráiteas Dea-chleachtais	I gcomhréir le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chothú, léiríonn an soláthraí tiomantas d’eispéireas an fhoghlaimeora a fheabhsú le tacaíocht ó fhianaise agus déanann sé a dhícheall rath ar mhic léinn, braistint láidir muintearais agus an cumas agus an mhuintir le bheith ina bhfoghlaimeoirí éifeachtacha ar líne a chur chun cinn, ag cur le hionchais ghairme feabhsaithe agus le torthaí gairmiúla.
Fianaise an tSoláthraí	

FÉINMHEASÚNÚ FORIOMLÁN DO CHOMHTHÉACS AN CHLÁIR

Ag teacht chun cinn	Ag forbairt	Aibí
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>

BAINISTÍOCHT AN DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA SOLÁTHAR AR FUD COMHTHÉACSANNA				
Comhthéacs	Ráiteas Achomair	Stádas Forbartha		
Eagraíochtúil		Ag teacht chun cinn <input type="text"/>	Ag forbairt <input type="text"/>	Aibí <input type="text"/>
Clár		Ag teacht chun cinn <input type="text"/>	Ag forbairt <input type="text"/>	Aibí <input type="text"/>
Eispéireas an Fhoghlaimeora		Ag teacht chun cinn <input type="text"/>	Ag forbairt <input type="text"/>	Aibí <input type="text"/>
Achoimre Fhoriomlán		Ag teacht chun cinn <input type="text"/>	Ag forbairt <input type="text"/>	Aibí <input type="text"/>

FÉINMHEASÚNÚ FORIOMLÁN AR GHNÉITHE CÁILÍOCHTA AR LEITH I GCÁS CLÁIR FOGHLAMA AR LÍNE		
Réimse	Táscaire Dea-chleachtais	Ráiteas Fianaise
1. Pleananna Straitéise, Bainistíochta agus Feidhmithe	I gcás cláir atá go hiomlán ar líne, ní mór go n-áireofaí sa phlean teagmhasach breithniú ar chainéil dhigiteacha lasmuigh de ghnáth-bhonneagar an tsoláthraí chun a laghad cur isteach agus is féidir ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú foghlaimeoirí cian-staidéir a chinntiú.	
2. Beartais, Rialacháin, agus Próisis Riaracháin	I gcás struchtúr táillí do chlár foghlama atá go hiomlán ar líne atá difriúil leis an struchtúr do mhóid eile cláir, ní mór beartas táillí sainráite agus próisis ghaolmhara a bheith i bhfeidhm trína sainaitheann na cineálacha seirbhísí, gnásanna agus socruithe fócaíochta d'foghlaimeoirí cian-staidéir.	
3. Airgeadas, Bonneagar agus Acmhainní	I gcás cláir foghlama atá go hiomlán ar líne, ní mór d'foghlaimeoirí a bheith in ann cianrochtain a fháil ar leabharlann an tsoláthraí, ar bhunachair shonraí leictreonacha ábhartha, agus ar théacsleabhair fhorordaithe a bhaineann lena gclár staidéir.	
4. Oiliúint Foirne, Forás Gairmiúil, agus Tacaíocht Institiúideach	I gcás cláir foghlama atá go hiomlán ar líne, ní mór don fhoireann taithí roimhe seo ar theagasc ar líne a léiriú nó páirt a ghlacadh in ionductú, oiliúint agus forás gairmiúil cuí sula n-éascaíonn siad cúrsaí, agus beidh rochtain acu ar thacaíocht leanúnach ó chomhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu.	
7. Torthaí Cláir	I gcás cláir atá go hiomlán ar líne, ní mór na torthaí foghlama a bhaint amach tríd an mód staidéir seo ina gcríochnaíonn foghlaimeoirí a gcuid foghlama ar fad ar líne gan aon riachtanas éigeantach le haghaidh teagasc ar an láthair nó idirghníomhú le piaraí.	
8. Próisis Formheasta agus Bailíochtaithe	I gcás cláir atá go hiomlán ar líne, ní mór difríochtaí creasa ama a chur san áireamh agus uaireanta oifige fóirúla le haghaidh comhairliúcháin idir foghlaimeoirí agus baill foirne teagaisc á meas nuair a bhíonn daoine ag staidéar lasmuigh d'Éirinn.	
	I gcás cláir atá go hiomlán ar líne, ní mór do phróisis cheadaithe agus bhailíochtaithe cur síos a dhéanamh ar straitéisí sonracha atá deartha chun braistint láidir muintearais a chothú sa chlár staidéir agus san institiúid i gcoitinne chun cabhrú le rioscaí neamhchríochnaithe a laghdú.	
9. Foghlaim agus Dearadh Curaclaim	I gcás cláir atá go hiomlán ar líne, ní mór breithniú diongbháilte a dhéanamh sna curaclaim sin ar an úsáid is oiriúnaí is féidir a bhaint as modhanna teagaisc sioncronacha agus/nó aisioncronacha ar líne agus an meascán is fearr díobh chun tacú le hardleibhéil idirghníomhaíochta.	
13. Ag Smaoineamh ar Staidéar	I gcás cláir atá go hiomlán ar líne, ní mór faisnéis a bheith ar fáil faoi aon fhreastal éigeantach ar ranganna sioncronacha beo agus an féidir le foghlaimeoirí rochtain chomhionann a fháil ar sheirbhísí ar an láthair mar leabharlann an tsoláthraí, tacaíocht scríbhneoireachta agus/nó matamaitice, etc. chun cabhrú le torthaí foghlama an chláir a bhaint amach.	
14. Tacaíocht agus Forbairt Foghlama	I gcás cláir atá go hiomlán ar líne, ní mór coibhéis a bheith ann i soláthar seirbhísí tacaíochta foghlama agus forbartha chun conhionannas rochtana a chinntiú agus ionas nach mbeidh foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste maidir le torthaí foghlama a bhaint amach i gcomparáid leo siúd atá ag staidéar trí mhodhanna eile.	

